Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 26

# Oideachas agus Scileanna

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, do sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig, agus chun deontais áirithe a íoc.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair don chaiteachas don bhliain.

Tá farasbarr de €114.464 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Agus an cuntas á ullmhú, cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a dhéanamh, mar atá siad leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) i gCiorclán 24 de 2018.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm sa Roinn é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, na bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea é córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna (AD) agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar sa Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an t-iniúchadh inmheánach:

***An timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun cliseanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart cuí ceartúcháin
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoin tslí le mo chuid freagrachtaí as an gcóras inmheánach um rialú airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin ann agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ar na heilimintí seo a leanas.

- Tá córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí.
- Déanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn.
- Tá córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú.
  Tá treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplín foirmiúil um bainistíocht tionscadail.
- Déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannach ar bun agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha.

***Iniúchadh inmheánach, iniúchadh ar chiste sóisialta na hEorpa agus an coiste iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu ag obair ann agus iad ag feidhmiú de réir na Cairte Scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhíonn na beartais iniúchóireachta inmheánaí, a fhaomhaim féin, bunaithe. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí.
Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar moltaí a dhéantar i dtuairiscí iniúchóireachta inmheánaí a chur i bhfeidhm in am trátha.

Rannóg laistigh den Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus Aontais Eorpaigh is ea Údarás Iniúchta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin, atá faofa agam. Tuairiscíonn sé don Choiste Iniúchóireachta agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Choiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn. Féachann Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa le cinntiú go gcuirtear gach coigeartú molta i gcrích.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéad is féidir.

Tá clár rioscaí ann a shonraíonn na príomhrioscaí a bhíonn ag an Roinn agus tá siad seo sonraithe, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Síníonn ceann an aonaid ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Tugann an clár sonraí maidir leis na rialuithe agus na bearta a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár.

I 2018, mar bhreisiú ar chomhsheasmhacht i gcur chuige na Roinne i leith bainistíocht riosca, chuir Coiste Riosca na Roinne doiciméad straitéiseach ardleibhéal um measúnú riosca i dtoll a chéile ina n-aithnítear roinnt príomhrioscaí corporáideacha a d'fhéadfadh tionchar chun donais a imirt ar chumas na Roinne chun a chlár oibre, mar atá sé leagtha amach ina Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta, a chur i bhfeidhm. Dírítear sa doiciméad measúnaithe ar phríomhrioscaí (idir inmheánach agus seachtrach) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do roinnt rannóg den Roinn. Úsáidfear an doiciméad i gcomhar leis an gclár rioscaí ina ndírítear ar rioscaí oibríochtúla ó lá go lá.

Athbhreithníodh Creat Rialachais na Roinne agus tugadh chun dáta é i 2018 chun léiriú a thabhairt ar fhorbairtí ar rialachas corparáideach ó foilsíodh é a chéaduair i 2016. Tá sé faoi athbhreithniú i gcónaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh; cuirtear seo in iúl do na bainisteoirí freisin, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bainistíochta riosca agus na nósanna imeachta rialaithe atá aici. Maidir le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn a bhfuil sé d'fhreagracht orthu an creat rialaithe inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann siad bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar a éifeachtaí atá na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laige ar an rialú inmheánach airgeadais i 2018 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a thabhairt ar oibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Is éard atá i gceist sa dearbhú sin

- Obair iniúchta inmheánaigh a dhéanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh na hOifige Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí a sheolann gnólachtaí cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Theagmhálacha Dearbhaithe (ISAE 3402), a dearadh le tuairisciú a dhéanamh do ranna úsáideora agus dá n-iniúchóirí ar rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Cuimsíonn na hiniúchtaí seo (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialuithe gaolmhar a aithint agus anailís bhearna a chur ar fáil, arna leanúint le (ii) tuairisc ar dhearadh agus leitheadúlacht rialuithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cibé ar oibrigh na rialuithe go héifeachtach.

Tá litir faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte ina ndéantar an dul chun cinn a thuairisciú ar chur i bhfeidhm an phróisis dearbhaithe iniúchta agus meastar go dtuairisceofar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, leitheadúlacht agus oibriú na rialuithe dom mar atá leagtha amach sa litir sin.

Glacaim leis mar dhearbhú ar an gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscítear domsa iad ón Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte.

***Soláthar poiblí***

Comhlíonann an Roinn gach treoirlínte ábhartha maidir le soláthar ach amháin soláthar ar fiú €264,000 é san iomlán mar a tairgeadh conarthaí nó mar a ndearnadh ceannach gan úsáid a bhaint as próiseas cuí soláthair.

Coimeádtar gach cás faoi athbhreithniú agus gníomhaítear áit is féidir. Tá an Roinn páirteach ar shlí réamhghníomhach sa chlár athchóirithe soláthair agus tá an deis seo á tapú aici chun úsáid a bhaint as conarthaí agus creataí láraithe áit is cuí.

Ina theannta sin, thabhaigh an Roinn caiteachtas i ndáil le 11 chonradh arbh fhiú €2.617 milliún iad gan próiseas iomaíoch. Gheofar sonraí na gconarthaí thíos.

Bronnadh conradh amháin arbh fhiú €1.468 milliún é gan próiseas iomaíoch ar chúiseanna práinne/seiftiúlachta. Bhain an conradh le bainistiú tionscadail agus seirbhísí gaolmhara le cinntiú go gcomhlíontar rialacháin sábháilteachta dóiteáin i 55 scoil.

Caitheadh €997,000 ar 8 gconradh do chroíchórais TFC na Roinne i gcás ina meastar gurb iad na soláthraithe reatha an t-aon ghrúpa soláthraithe atá oiriúnach.

Caitheadh €152,000 ar dhá chonradh a bronnadh/ar cuireadh síneadh leo ar chúiseanna práinne/leanúnachais ghnó

Cuireadh mionsonraí na gcásanna a sháraigh luach €25,000 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tuairisceán ar Chiorclán 40/2002.

***Rialachas corparáideach earnáil an oideachais***

I 2018, lean an Roinn de bheith ag dul chun cinn le hobair chun a cur chuige a neartú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar shocruithe cuntasachta ar fud earnáil an oideachais. Is fo-choiste de Bhord Bainistíochta ar Rialachas agus Cuntasacht na hEarnála atá i gceannas ar an obair seo agus tá mise, mar Ard-Rúnaí, i mo chathaoirleach. Le linn 2018, chuir an Roinn

- tús le próiseas athbhreithnithe chun iniúchadh a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí i gceithre cinn de chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit na Roinne. Áiríodh san athbhreithniú machnamh ar fhoinsiú an iniúchta inmheánaigh, an tslí a gcuireann gníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí luach leis na comhlachtaí agus leibhéal na comhréireachta le barrchleachtas in Iniúchadh Inmheánach agus riachtanais Chód Cleachtais 2016 D/PER chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir le bainistíocht riosca, rialachas agus rialú inmheánach. Tá torthaí an phróisis athbhreithnithe á gcur i ngníomh le linn 2019 agus déanann an Roinn monatóireacht orthu le cinntiú, áit is cuí, go ndéantar beart feabhsúcháin. . Déanfar ceachtanna ón bpróiseas athbhreithnithe ar na ceithre chomhlacht, ceachtanna maidir le cur i bhfeidhm ar bhonn lárnach, a chomhroinnt leis an ocht gcomhlacht déag atá faoi choimirce na Roinne

- túsaíodh an próiseas lena ndéanfar an chéad athbhreithniú tréimhsiúil criticiúil (ATC) ar fhoras coimirce (tosófar an chéad athbhreithniú sa dara leath de 2019)

- rinneadh measúnú chun príomhghnéithe rialachais ar fud na hearnála oideachais a mheas agus úsáidfear é mar bhonn le clár oibre ar rialachas in 2019-20

- rinneadh clár saincheaptha oiliúna rialachais a sholáthar agus a chur i bhfeidhm i 2018 chun cumas rialachais chorparáidigh a fhorbairt. Cuireadh an clár seo ar fáil don fhoireann i ngach rannán den Roinn, foireann a bhfuil ról rialachais acu maidir le comhlachtaí atá á maoiniú ag an Roinn.

Oibríonn an Roinn leis na forais atá faoina choimirce i gcónaí le cinntiú go sásaítear na coinníollacha maoirseachta atá leagtha amach sa chód cleachtais leasaithe chun comhlachtaí stáit a rialú. Aontaíodh agus doiciméadaíodh maoluithe le teorainn ama nó maoluithe iomlána chun riachtanais na gcód “comhlíon nó mínigh” a shásamh San earnáil oideachais i gcoitinne, tá cóid chleachtais, atá ailínithe le creataí rialaithe sonracha na n-ollscoileanna, na n-institiúidí teicneolaíochta agus na mbord oideachais agus oiliúna, curtha i dtoll a chéile agus curtha ar fáil sna hearnálacha faoi seach. Eisíodh Cód BOO do na BOOnna go luath sa chéad ráithe de 2019 agus tháinig sé i bhfeidhm láithreach. Foilsíodh Cód Rialaithe na nInstitiúidí Teicneolaíochta ar an 1 Eanáir 2018 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an dáta sin. Beidh Cód Rialaithe Earnala Ollscoileanna na hÉireann, cód a d’fhormhuinigh Comhairle Chumann Ollscoileanna Éireann in Eanáir 2019 ceadaithe ag Bord Rialaithe gach Ollscoile idir Eanáir agus Aibreán 2019. Meastar go gcuirfear an Cód i bhfeidhm ar fud na hearnála de réir a chéile ag críochnú go luath in Aibreán 2019. Tá obair ar bun in earnáil na n-ollscoileanna chun aon réimse a aithint ina gceanglaítear ar ollscoileanna ar leith na riachtanais ‘comhlíon nó mínigh’ a shásamh leis an ionchas go mbeidh an obair curtha i gcrích faoi Ráithe 4 2019.

Tá Clár um Nuachóiriú an Rialaithe ar bun ag an Ionad Tacaíochta Oideachais i láthair na huaire mar fhreagairt ar mholtaí a rinneadh in athbhreithniú Mazar ar shocruithe na Roinne Oideachais agus Oiliúna um Rialú, Cistiú agus Cuntasacht le haghaidh Ionad Tacaíochta Oideachais.

***Athchóiriú na hearnála poiblí***

I 2018, lean an Roinn dá Phlean Seirbhísí Comhroinnte le haghaidh 2017-2020 a chur ar fáil, trína n-imscrúdófar na deiseanna do thionscnaimh seirbhíse comhroinnte ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna agus bhíothas rannpháirteach i dtabhairt isteach na seirbhísí comhroinnte ar fud na Státseirbhíse. Seo na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn maidir leo i 2018

- Seirbhísí comhroinnte párolla le haghaidh earnáil BOO. I 2018 chuaigh an tionscadal ar aghaidh ó chéim an tsoláthair trí chéim an dearaidh agus an fheidhmithe. Meastar go dtiocfaidh seirbhísí don chéad dreas BOOnna i bhfeidhm i Ráithe 2 2019.

- Seirbhísí comhroinnte airgeadais d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Rinneadh dul chun cinn maidir le hiarratas ar thairiscintí a fhoilsiú maidir leis an gcóras a bheidh mar bhonn leis an tseirbhís sin, i iNollaig 2018. Meastar go mbeidh deireadh leis an bpróiseas soláthair in 2019 agus athrófar an tionscadal go dearadh mionsonraithe agus cur i bhfeidhm maidir le réiteach comhtháite airgeadais don earnáil.

- Seirbhísí Comhroinnte AD / Párolla don earnáil ardoideachais. I 2018 cuireadh cobhsú na gcóras a bhí mar bhonn leis na seirbhísí d'institiúidí teicneolaíochta i gcrích agus cobhsaíodh suíomh píolótach ollscoile, leis, mar ullmhú do sheirbhísí comhroinnte. Bhí an fhoireann thiomnaithe tionscadail i dteagmháil leis an earnáil, nuashonraíodh an bhonnlíne agus cuireadh anaiís mhionsonraithe ar fáil ar an mbainistíocht acmhainní daonna lán-chomhtháite chun an cás gnó a tiomsaíodh i 2015 a athmheasúnú. Tá Cás Gnó ina moltar an cur chuige is fearr don earnáil curtha i dtoll a chéile agus is é an chéad chéim eile céim 'cruthúnas coincheapa' a chur i bhfeidhm d'fhonn an cás gnó a chur ar aghaidh.

- Thug an fhoireann tionscadail do thaifeadtaí sonraí na bhfostaithe scoile agus seirbhís chomhroinnte párolla an cás gnó le haghaidh an réiteach is fearr ar an earnáil i 2018 chun críche agus tá ionchuir ó pháirtithe leasmhara seachtracha corpraithe ann chun an cás a neartú. Dhoiciméadaigh an fhoireann na próisis chasta agus an-uathoibrithe agus cuireadh an t-eolas i dtoll a chéile a bheidh faoi bhonn le riachtanais feidhmiúla agus teicniúla i gcás aon réiteach amach anseo. Tá siad ag cur tús anois le teagmháil leis an margadh chun an réiteach uathoibrithe is fearr a fháil don earnáil ionas gur féidir leis leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil do bhreis agus 120,000 íocaí as seo amach. I bhfoirm iarraidh ar eolas a dhéanfar é sin ar dtús tar éis próiseas piar-athbhreithnithe a thosóidh i R3 2019.

- Leanadh i 2018 de thionscnaimh sholáthar a cheapadh chun tacú le hoibriú shamhail Oifig Sholáthair an Rialtais. I bPlean Seirbhísí Comhroinnte 2017-2020, gheall an Roinn féachaint ar conas a d'fhéadfaí na tionscnaimh seo a fhorbairt tuilleadh chun seirbhís aonair soláthair a chur ar fáil don earnáil oideachais, scrúdaíodh samhlacha éagsúla le linn 2019 chun an tsamhail is fearr don earnáil a aithint agus tá an obair seo ar siúl i gcónaí in 2019.

- Leanadh de na boird oideachais agus oiliúna a athchumrú ó thús deireadh 2018 le forbairtí suntasacha i roinnt príomhréimsí lena n-áirítear athbhreithniú agus uasghrádú ar Ionad Feabhais na Seirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn seirbhísí dlí don earnáil BOO agus dul chun cinn maidir le Cód Cleachtais nua a dhréachtú chun BOO a rialú (a foilsíodh ar an 30 Eanáir 2019).

***Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus* bainistíocht sonraí**

Bhunaigh an Roinn tionscadal ullmhachta le cinntiú go ndéanfadh an Roinn na bearta riachtanacha chun an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh, rialachán a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Chuimsigh sé sin athbhreithniú ar bheartais agus prótacail cosanta sonraí na Roinne agus féachaint chuige go bhfuil próisis leordhóthanacha i bhfeidhm chun tacú le cearta cosanta sonraí, fardal de ghníomhaíochtaí próiseála a thiomsú ina mbeadh sonraí pearsanta, foirmeacha iarratais agus fógraí príobháideachais a thabhairt chun dáta le comhlíonadh a chinntiú agus ardoiliúint i gcosaint sonraí a eagrú don fhoireann ábhartha. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí sannta ag an Roinn, mar aon le foireann tacaíochta, arb é a ról comhairle agus eolas a thabhairt do bhaill foirne na Roinne a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta maidir lena n-oibleagáidí de bhun an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus forálacha eile cosanta sonraí.

**Séan Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

27 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oideachas agus Scileanna agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Ceannach talún le haghaidh soláthar scoile*

I mo thuarascáil ar chuntais na seirbhíse poiblí le haghaidh 2018, scrúdaítear i gCaibidil 7 ceannach trí shuíomh shuntasacha i mBaile Átha Cliath san tréimhse 2016 go dtí 2018.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2019

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A | Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus sna luathbhlianta | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 6,998,169 | | | |
| | *Forlíontach* | 130,000 | | | |
| | | | 7,128,169 | 7,133,309 | 6,661,168 |
| B | Forbairt scileanna | | 376,508 | 361,359 | 328,746 |
| C | Ardoideachas | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 1,606,154 | | | |
| | *Forlíontach* | 17,000 | | | |
| | | | 1,623,154 | 1,613,023 | 1,590,038 |
| D | Seirbhísí caipitil | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | | 692,211 | 702,952 | 661,395 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 9,820,042 | | | |
| | *Forlíontach* | 147,000 | | | |
| | | | **9,820,042** | **9,810,643** | **9,241,347** |
| | *Asbhain* | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 516,495 | | | |
| | *Forlíontach* | (34,700) | | | |
| | | | **481,795** | **586,860** | **466,588** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 9,156,547 | | | |
| | *Forlíontach* | 181,700 | | | |
| | | | **9,338,247** | **9,223,783** | **8,774,759** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na méideanna dá ndéantar soláthar thar an nglanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **114,463,727** | **24,540,261** |

**Séan Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

27 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | | |
| Pá | | 6,056,794 | 4,944,798 |
| Neamhphá | | 3,753,849 | 4,296,549 |
| **Ollchaiteachas** | | **9,810,643** | **9,241,347** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasa i gcabhair** | | **586,860** | **466,588** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,223,783** | **8,774,759** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ceannachán | (135,569) | | |
| Dímheas | 1,120 | (134,449) | (149,937) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (5,325) | | |
| Méadú ar stoc | (6) | (5,331) | 15,508 |
| **Caiteachas díreach** | | **9,084,003** | **8,640,330** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh áit éigin eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 33,517 | 31,056 |
| Cíosanna barúlacha | | 4,367 | 4,260 |
| **Glanchostas cláir** | | **9,121,887** | **8,675,646** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a leithroinneadh ar Vótaí eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 291 | 278 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 27,127 | 23,940 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,702 | 5,199 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,149 | 1,363 |
| Ciste Lárnach - Pinsin na nAirí | 248 | 276 |
| | **33,517** | **31,056** |

Nóta [a] Cuimsíonn seo €105,000 i dtaca le gníomhaireachtaí eile faoi Vóta 26 atá ag fáil seirbhísí le haghaidh óstáil TF. Is iad na gníomhaireachtaí sin ná Bord Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, HEAnet, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Chomhairle Mhúinteoireachta.

## Nóta 2 Ráiteas faoi Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 229,172 | 157,242 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 6,715 | 16,845 |
| Stoic | | 100 | 94 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 18,592 | 19,025 |
| Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhála | 5.7 | 6,604 | 6,352 |
| Costais iasachta le haisghabháil | | 466 | 106 |
| Suimeanna dlite ón AE | | 72 | 40 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 2,590 | 2,018 |
| Ioncam fabhraithe | | 850 | — |
| **Glansócmhainní iomlána** | | 35,989 | 44,480 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 18,172 | 21,208 |
| Aisghabháil tuarastal chuig ranna agus chuig gníomhaireachtaí eile | | 43 | 73 |
| Airgead ón AE le dáileadh | | — | 6,198 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 4,051 | 435 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 5,326 | 12,270 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 27,592 | 40,184 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 8,397 | 4,296 |
| **Glansócmhainní** | | **237,569** | **161,538** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **237,569** | **161,538** |

## 2.1 Cuntas cistithe an Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 161,538 | 251,714 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim sa mheastachán | Cuntas | 9,338,247 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (114,464) | | |
| Glanvóta | | | 9,223,783 | 8,774,759 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit éigin eile | 1 | | 33,517 | 31,056 |
| Míreanna neamhairgid - sócmhainní caipitil[a] | | | (63,749) | (224,605) |
| Caiteachas neamhairgid - cíos barúlach | 1 | | 4,367 | 4,260 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (9,121,887) | (8,675,646) |
| **Iarmhéid ar an 31 Eanáir** | | | **237,569** | **161,538** |

**Nóta** [a] Áirítear ar na míreanna neamhairgid an chaoi a gcaithfear ó thaobh na cuntasaíochta le sócmhainní foirgníochta ar fiú €64.972 milliún iad a dhéanfaidh an Roinn a dhiúscairt agus le haistriú réadmhaoine ar fiú €1.223 milliún iad chuig an Roinn faoin gcomhaontú um shlánaíocht comhshásaimh

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Troscán agus fearas | Troscán oifige | Sócmhainní faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2018 | 71,215 | 7,550 | 20,883 | 82,267 | 181,915 |
| Breiseanna | 78,310 | 98 | 1,569 | 58,047 | 138,024 |
| Sócmhainní tugtha chun úsáide | 53,018 | — | 340 | (53,358) | — |
| Diúscairtí[a] | (64,972) | (661) | (898) | — | (66,531) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 137,571 | 6,987 | 21,894 | 86,956 | 253,408 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2018 | — | 7,312 | 17,359 | — | 24,671 |
| Dímheas don bhliain | — | 35 | 1,085 | — | 1,120 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (657) | (898) | — | (1,555) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | — | 6,690 | 17,546 | — | 24,236 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **137,571** | **297** | **4,348** | **86,956** | **229,172** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 71,215 | 239 | 3,522 | 82,266 | 157,244 |

Nóta [a] Áirítear ar an bhfigiúr €661,000 de throscán agus feistis a diúscraíodh sócmhainní arbh é €591,000 a gcostas bunaidh agus a baineadh den chlár tar éis athbhreithniú inar aithníodh roinnt míreanna a cuireadh san áireamh sa chlár ach a raibh a gcostas bunaidh faoi bhun na tairsí sócmhainne €1,000 nó nár chomhlíon an sainmhíniú ar shócmhainn de réir bheartas sócmhainne seasta na Roinne. Mórán mar an gcéanna, áirítear ar an bhfigiúr €898,000 de threalamh oifige a diúscraíodh sócmhainní arbh é €110,000 a gcostas bunaidh a bhí faoi bhun na tairsí sócmhainne €1,000.

**Nóta ginearálta faisnéise**

Níl aon talamh nó aon fhoirgneamh ar leis an Stát iad agus a rialaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna nach bhfuil luacháil tugtha dóibh. Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad:

**1 Réadmhaoin scoile a aistriú 2018**

Sa chuntas seo, le haghaidh cuntasaíochta, caitheann an Roinn le haistriú rialú sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt. Ní aistrítear an úinéireacht. Tá na réadmhaoine scoile, nó codanna díobh, a aistríodh le linn 2018 san áireamh sa tábla thíos.

| **Ainm na scoile** | **Luacháil** |
|---|---|
| | **€000** |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Ghlas Naíon, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. | 4,795 |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Bhaile Chill Dara, Gaelscoil Mhic Aodha, Baile Chill Dara, Co. Chill Dara. | 11,035 |
| Pobalscoil Náisiúnta Mhala, Mala, Co. Chorcaí | 6,392 |
| Gaelscoil Teach na Giúise, Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Theach na Giúise, Baile Átha Cliath 24 | 14,364 |
| Iar-bhunscoil Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 16,222 |
| Gaelscoil Liatroma, Carraig Droma Rúisc, Co. Liatroma | 5,424 |
| Scoil Speisialta ABACAS Dhroichead Átha, Droichead Átha, Co. Lú | 40 |
| Gaelscoil na Fuinseoige, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14 | 6,700 |
| **Iomlán** | **64,972** |

**2 Leibhéal bunscoile**

Bhí 3,240 bunscoil ar oscailt ar an 31 Nollaig 2018. Scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus iad faoin úinéireacht an údaráis deoisigh lena mbaineann. Is iad seo a leanas na heisceachtaí.

- Suíomhanna le haghaidh 34 scoil chéad leibhéal atá faoi úinéireacht agus rialú/bainistiú an Aire Oideachais agus Scileanna.
- 145 scoil atá ag oscailt ar shuíomhanna agus/nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna/ar léas ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá faoi rialú/bhainistíochta Bord Bainistíochta. Ina measc seo tá 79 ngaelscoil, 51 scoil il-sainchreidmheacha, cúig scoil náisiúnta pobail, naoi modhscoil agus scoil Chaitliceach amháin.

**3 Leibhéal Iar-bhunscoile**

Tá 718 iar-bhunscoil ann, agus 362 díobh faoi úinéireacht phríobháideach. Seo a leanas an modh oibre atá ag na cinn eile.

- Tá 14 scoil chuimsitheach, 78 pobalscoil agus 16 mheánscoil atá faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus Scileanna faoi rialú/bhainistiú Bord Bainistíochta.
- Tá 248 iar-bhunscoil dílsithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013.
- Tá suíomhanna do 20 scoil dara leibhéal faoi úinéireacht agus rialú/bainistiú an Aire Oideachais agus Scileanna.

**4 Eile**

Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, ba é an t-aon ábhar a bhí gan réiteach i gcás ionad coinneála amháin do leanaí fógra maidir le hathrú úinéireachta a thug an CSSO don Údarás um Chlárú Réadmhaoine go raibh úinéireacht réadmhaoin na scoile á haistriú ón Roinn Oideachais go Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Thug an Roinn treoir don CSSO an t-athrú úinéireachta a chur in iúl don Údarás um Chlárú Réadmhaoine. Níl an réadmhaoin san áireamh mar shócmhainn i Nóta 2.2 thuas de bhrí nach bhfuil an réadmhaoin á rialú ag an Aire, ach ag údarás na hinstitiúide féin.

Is é an tAire duine de bheirt ráthóirí Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, arb é úinéir agus sealbhóir na réadmhaoine i gContae Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Middletown Centre for Autism.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 6,373 | 16,442 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála | 339 | 400 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **6,715** | **16,845** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge[a] | 9,031 | 9,031 |
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile | 4,211 | 7,493 |
| Cíos Cóiríochta Sealadaí Scoile | 2,182 | 1,424 |
| Eile | 3,168 | 1,077 |
| | **18,592** | **19,025** |

Nóta [a] Thángthas ar chomhaontú idir an Roinn agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun méid na réamhíocaíochta a bhí dlite le haisíoc i 2018 a chur siar.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 515 | 5 |
| Dlite ón gCuntas Speisialta Sásaimh | — | 146 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 56 | 53 |
| Clár fuinnimh foirgnimh | 101 | — |
| Fionraí párolla | — | 3 |
| Tuarastail in-aisghabhála | 172 | 168 |
| Scéim pasanna taistil | 206 | 50 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 1,440 | 1,440 |
| Aisghabháil costas ó oifigí comhroinnte | 93 | 119 |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | — | 3 |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus cothabhála | 7 | 31 |
| | **2,590** | **2,018** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,187 | 1 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 691 | — |
| Muirear sóisialta uilíoch | 253 | |
| Cáin Réadmhaoine Áitiúil | 9 | |
| Cáin Shiarchoinneála Seirbhísí Gairmiúla | 634 | 20 |
| Cáin um Chonarthaí Ábhartha | 289 | — |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | — |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 56 | 16 |
| | **3,120** | **37** |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 8 | 57 |
| Méideanna dlite don Chuntas Speisialta Sásaimh | 60 | — |
| Scéim rothaíochta chun na hoibre | 1 | 2 |
| Clár fuinnimh foirgnimh | — | 311 |
| Fáltais Bhreise Státchiste | 848 | — |
| Fionraí párolla | — | 4 |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | 8 | 23 |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus cothabhála | 5 | — |
| Scéim na bpasanna taistil | 1 | 1 |
| | **4,051** | **435** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 114,464 | 24,540 |
| Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste | (109,138) | (12,270) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **5,326** | **12,270** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,715 | 16,845 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2,590 | 2,018 |
| Suimeanna dlite ón AE | 72 | 40 |
| | 9,377 | 18,903 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,120) | (37) |
| Airgead ón AE le dáileadh | — | (6,198) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (931) | (398) |
| | (4,051) | (6,633) |
| | **5,326** | **12,270** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais uilíocha** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 11,398 | 4,336 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil[a] | 3,878,593 | 3,742,515 |
| Cláir dheontais chaipitil[b] | 111,100 | 77,200 |
| Tionscadail chaipitil[c] | 332,281 | 321,697 |
| Tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí | 2,025,360 | 1,531,951 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí** | **6,358,732** | **5,677,699** |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Cláir dheontais neamhchaipitil** | | |
| Iarmhéid tosaigh[d] | 3,742,515 | 3,608,043 |
| Deontais a íocadh sa bhliain[e] | (3,746,943) | (3,599,398) |
| Gealltanais deontais nua[f] | 3,878,593 | 3,742,515 |
| Deontas glan (gann)/róchaitheamh[g] | 4,428 | (8,645) |
| Iarmhéid deiridh | **3,878,593** | **3,742,515** |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Cláir dheontais chaipitil** | | |
| Iarmhéid tosaigh[d] | 77,200 | 74,200 |
| Deontais a íocadh sa bhliain[e] | (76,433) | (65,264) |
| Ceangaltais nua deontais[f] | 111,100 | 77,200 |
| Deontais chealaithe[g] | (767) | (8,936) |
| Iarmhéid deiridh | **111,100** | **77,200** |

Nótaí

a Baineann cláir deontais neamhchaipitil le deontais a bhronnfar ar chomhlachtaí coimirce agus eagraíochtaí eile lena n-áirítear scoileanna agus coláistí chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú. Athluadh méid 2017 tar éis athbhreithniú ar chatagóiriú na n-idirbheart faoi na ceannteidil seo.

b Baineann cláir deontas caipitil le deontais a bhronnfar ar chomhlachtaí coimirce maidir le gach tionscadal caipitil, lena n-áirítear tionscadail in ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna. Athluadh méid 2017 tar éis athbhreithniú ar chatagóiriú na n-idirbheart faoi na ceannteidil seo.

c Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a bhainistíonn agus an mhaoirsíonn an Roinn féin.

d Is ionann an t-iarmhéid tosaigh le haghaidh 2018 agus an soláthar do dheontais a cuireadh san aireamh in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe 2018. Is ionann an t-iarmhéid tosaigh le haghaidh 2017 agus an soláthar do dheontais a cuireadh san áireamh in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe 2017.

e Is ionann deontais a íocadh sa bhliain agus an caiteachas iarbhír a cuireadh chun dochair an tsoláthair in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe i 2018.

f Is ionann gealltanais nua deontais agus an soláthar do dheontais a cuireadh san aireamh in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe 2019.

g Is ionann glan-gannchaitheamh deontais agus caiteachas iarbhír atá níos ísle ná an meastachán bunaidh. Is ionann glan-róchaitheamh deontais agus caiteachas iarbhír atá níos airde ná an meastachán bunaidh.

**Mórthionscadail chaipitil**

**Tionscadail chaipitil a bhfuil €10,000,000 nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu**

| | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann D3) | 381,826 | 111,569 | 189,015 | 682,410 | 524,766 |
| Ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ainmnithe ardoideachais eile (fo-mhírcheann D4) | 76,254 | 15,712 | 101,819 | 193,785 | 125,741 |
| **Iomlán** | **458,080** | **127,281** | **290,834** | **876,195** | **650,507** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá sceideal na mórcheangaltas caipitil de €10 milliún nó níos mó ar fáil in Aguisín B mar aon le míniú ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán measta de bhreis is €500,000 idir 2017 agus 2018.

**Íocaíochtaí aonadacha thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

Go dtí seo tá an Roinn tar éis naoi gconradh ar leith a dhéanamh chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú, faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí mheicníochtaí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha míosúla thar 25 bliain, agus bíonn an chéad íocaíocht aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe. Gheofar achoimre ar thionscadail CPP in Aguisín C.

| Ainm an tionscadail CPP | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Ceangaltais atá infheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis | Iomlán an tionscadail 2018 | Iomlán an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann | 119,760 | 7,188 | 60,900 | 187,848 | 187,861 |
| Beartán Cúig Threoirscoil | 172,100 | 10,798 | 104,420 | 287,318 | 288,703 |
| Scoil Cheoil Chorcaí | 93,655 | 8,278 | 118,337 | 220,270 | 220,818 |
| An Chéad Bheartán Scoileanna CPP | 72,782 | 9,102 | 161,968 | 243,852 | 244,655 |
| An Dara Beartán Scoileanna CPP | 87,959 | 12,382 | 237,034 | 337,375 | 338,557 |
| An Tríú Beartán Scoileanna CPP | 70,320 | 14,992 | 325,440 | 410,752 | 411,815 |
| An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP | 21,539 | 7,580 | 180,517 | 209,636 | 213,176 |
| An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP | — | 5,107 | 248,070 | 253,177 | 264,481 |
| Cearnóga Ghráinseach Gormáin | — | — | 588,674 | 588,674 | — |
| | **638,115** | **75,427** | **2,025,360** | **2,738,902** | **2,170,066** |

Nóta [a] Baineann an caiteachas a léirítear ag deireadh 2018 go sonrach le híocaíochtaí caipitil m.sh. íocaíochtaí aonadacha. Tá an caiteachas sa tábla thuas san áireamh sa €83.31 de thoradh foriomlán ar fho-mhírcheann D5. Áirítear, leis, i bhfo-mhírcheann D5 íocaíochtaí áirithe deontais le scoileanna atá aicmithe mar scoileanna CPP

**Difríochtaí suntasacha**

Mínítear thíos cásanna inar mhéadaigh/ laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 ó 2017 go 2018

**Innéacsú**

Íocann an Roinn íocaíochtaí aonadacha míosúla leis an gcomhlacht CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht aonadach, mír costais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-mhír. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an íocaíocht aonadach bhliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

**Athmhaoiniú**

Is féidir cistiú tionscadail CPP a athmhaoiniú, le toiliú an chomhpháirtí Stáit, le linn nó tar éis chéim na tógála. Roinntear an ghnóthachtáil ón athmhaoiniú idir an comhlacht CPP agus an comhpháirtí Stáit faoi théarmaí atá leagtha amach i gComhaontas Tionscadail an CPP. Rinneadh athmhaoiniú ar an gCeathrú Beartán Scoileanna i Nollaig 2018 agus ar an Tríú Beartán Scoileanna in Eanáir 2019.

**Beartán Cúig Threoirscoil**

Innéacsú an phríomhchúis le €1,385 milliún de laghdú ar chostais ó 2017 go 2018. I gcás an Bheartáin Cúig Threoirscoil, bíonn céatadán níos airde den íocaíocht aonadach faoi réir innéacsú ná i gcás na mbeartán eile. Ina fhianaise sin, is mó an luaineacht ó bhliain go bliain i réamh-mheastacháin don bheartán sin ná do bheartáin eile.

**Scoil Cheoil Chorcaí**

Innéacsú an phríomhchúis le €548,000 de laghdú ar chostais ó 2017 go 2018.

**An Chéad Bheartán Scoileanna**

Innéacsú an phríomhchúis le €803,00 de laghdú ar chostais ó 2017 go 2018.

**An Dara Beartán Scoileanna**

Innéacsú an phríomhchúis le €1.182 milliún de laghdú ar chostais ó 2017 go 2018.

**An Tríú Beartán Scoileanna**

Innéacsú an phríomhchúis le €1.063 milliún de laghdú ar chostais ó 2017 go 2018.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna**

Innéacsú agus athmhaoiniú na príomhchúiseanna le €3.54 milliún de laghdú ar chostais ó 2017 go 2018.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna**

Tá ceithre hiar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin san áireamh sa Chúigiú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (scoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin); i gCeanannas, Co. na Mí; i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil) agus i Loch Garman.

In Iúil 2016, síníodh conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cheap Inspired Spaces Carillion Construction Ltd mar phríomhchonraitheoir foirgníochta, agus rinneadh an chuideachta sin an obair a thabhairt ar fho-chonradh do Sammon Contracting Ireland Ltd. Ceapadh Carillion AMBS Ltd mar chonraitheoir bainistíochta na saoráidí.

Measadh go mbeadh na scoileanna tógtha agus réidh lena n-aistriú idir Ráithe 4, 2017 agus Ráithe 1, 2018. Ar an drochuair, leachtaíodh Carillion Construction Ltd and Carillion AMBS Ltd a d'fhág gur foirceannadh na hoibreacha agus na conarthaí bainistíochta saoráidí, agus cuireadh moill ar thús feidhme seirbhísí. I Meitheamh 2018, rinneadh socruithe chun conraitheoir foirgníochta ionaid a cheapadh.

Faoin gconradh CPP don Chúigiú Beartán Scoileanna, thosaigh an tréimhse 25 bliana ina mbeidh Íocaíochtaí míosúla Aonadacha dlite lena n-íoc i ngach scoil ar an dáta a bhí sceidealta faoin gconradh do thús feidhme seirbhíse. Mar sin féin, de bharr moill i seachadadh na scoileanna, níor cuireadh tús iarbhír le híoc na nÍocaíochtaí Aonadacha go dtí dáta níos déanaí ná mar a bhí measta, nuair a bhain na scoileanna tús feidhme seirbhíse amach. Mar chuid den athstruchtúrú conartha a aontaíodh i nDeireadh Fómhair 2018, cuireadh síneadh ceithre mhí leis an tréimhse chonartha, is é sin ó 318 mí go 322 mhí, agus cuirfear na ceithre mhí bhreise le deireadh na tréimhse bunaidh conartha in 2043. D'fhág an mhoill ar sheachadhadh na scoileanna go raibh costas na nÍocaíochtaí Aonadacha i 2018 i bhfad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí CBL ar obair foirgníochta faoi bhun an mheastacháin bhunaidh, leis. Bhí an mhoill iarbhír ar sheachadadh na scoileanna sa raon idir 9 mí agus 18 mí.

**Grangegorman Quads Cearnóga Ghráinseach Ghormáin**

Cuirfidh Tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin, atá comhdhéanta de na Cearnóga Láir agus Thoir, bonneagar suntasach acadúil ar fáil d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Gormáin. I Márta 2018 a síníodh an conradh chun na foirgnimh a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Tá an tógáil sceidealta le bheith críochnaithe in 2020.

**Leachtuithe agus Scrúdaitheoireachtaí 2018**

Bhí tionchar ag leachtú/scrúdaitheoireacht i gcás ceithre chonraitheoir /oibreoir CPP ar sheachadadh tionscadal a bhí á maoirsiú ag an Roinn. Bhí tionchar ag leachtú Carillion agus ag leachtú Sammon Contracting Ireland Ltd (SCIL) dá éis ar an gCúigiú Beartán Scoileanna CPP, a bhí comhdhéanta de chúig thionscadal tógála scoile agus de thionscadal amháin chun foirgneamh breisoideachais a thógáil. Bhí tionchar ag leachtuithe/scrúdaitheoireachtaí ar ocht gcinn de thionscadail traidisiúnta scoile, mar seo a leanas: (i) SCIL (ceithre thionscadal bhreise), (ii) McAleer & Teague (trí thionscadal) agus (iii) Manleys (tionscadal amháin).

B'éigean conraitheoirí nua a cheapadh i seacht gcás, an Cúigiú Beartán Scoileanna san áireamh. Sna cásanna eile, bhí ar chumas an chonraitheora bhunaidh an obair a chríochnú. Níl ar chumas na Roinne go fóill cuntas iomlán a thabhairt ar impleachtaí na n-imeachtaí seo do chostais.

## 2.9 Dliteanas tagtha chun aibíochta

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán de dhliteanais tagtha chun aibíochta nár scaoileadh ag deireadh na bliana | 603 | 212 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

**Binse fiosruithe ar mhí-úsáid leanaí agus scéimeanna sásaimh**

Beidh íocaíochtaí eile le déanamh i gcás an Choimisiúin um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe. I dtaca le CICA, meastar go bhféadfadh €1 mhilliún eile de chostais a bheith de dhíth chun costais fhanta na Roinne a ghlanadh. D'fhéadfadh €1 mhilliún eile a bheith de dhíth i dtaca leis an scéim sásamh lena n-áirítear soláthar le haghaidh aon dámhachtainí féideartha ar feitheamh ar lánscor an Bhoird Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (féach Nóta 6.3 do na costais go dtí seo).

**Ionad Uathachais Chill Fhaoilinn**

D'fhéadfadh dliteanas pinsin de thuairim agus €336,000 teacht chun cinn maidir leis an gcomhaontú idir Scéim Pinsin Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa chomhaontú, dar dáta an 16 Samhain 2007, ráthaigh na Ranna go ndéanfaidís íocaíocht iomlán ar aon dliteanas pinsin de chuid Ionad Middletown for Autism Ltd i gcás go scoirfidh an tIonad de bheith ann nó mura mbíonn siad ábalta a gcuid dliteanas pinsin a chomhlíonadh. Tá an tIonad ag obair i gcónaí agus ní mheastar go dtiocfaidh an dliteanas seo chun cinn go luath.

**Clár feabhsúcháin scoileanna**

Tugadh faoi chlár measúnachtaí tosaigh struchtúrtha i nDeireadh Fómhair agus i Samhain 2018 i 42 scoil a thóg Western Building Systems. Ba é an fhreagairt idirlinne ar na measúnachtaí tosaigh bearta réamhchúraim a chur i bhfeidhm i 22 scoil, foirgneamh scoile amháin a dhúnadh go páirteach agus a dhearbhú go bhféadfadh na 19 scoil eile oscailt go hiomlán ar dtús gan aon bhearta réamhchúraim. Aistríodh dhá scoil a imscrúdaíodh an uair sin go cóiríocht shaintógtha ó shin, agus dá bhrí sin ní bhaineann siad níos mó leis an gclár feabhsúchán scoile a bhunaigh an Roinn chun buanoibreacha feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i 40 scoil. Féachfaidh an Roinn le costais na mbeart réamhchúraim agus aon bhuanoibreacha feabhsúcháin sna scoileanna sin a aisghabháil ón gconraitheoir i dtrácht.

## Nóta 3 Caiteachas ar Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 63,480 | 62,971 | 59,517 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,761 | 1,698 | 1,766 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,742 | 1,785 | 1,596 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,200 | 2,816 | 2,376 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 6,239 | 6,968 | 5,677 |
| vi | Costais ar fhoirgnimh oifige | 1,951 | 1,820 | 1,931 |
| vii | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 130 | 121 | 50 |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 19,795 | 19,497 | 17,853 |
| | | **97,298** | **97,676** | **90,766** |

***Difríochtaí suntasacha***

Tugann an nóta a leanas anailís ar an gcaiteachas ar riarachán an Vóta agus tugann sé achoimre ar chúiseanna na ndifríochtaí suntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000). Tá an caiteachas ar chúrsaí riaracháin cionroinnte trasna na gclár chun costais iomlána na gclár a léiriú.

*iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €2.2 milliún, toradh €2.816 milliún

Ba é éifeacht lán bhliana an mhéadaithe ar chostais postais agus ar an líon ar an bpárolla faoi ndeara méadú de €616,000 ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh.

## Clár A Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus na Luathbhlianta

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 65,445 | 60,941 | 57,414 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | 12,525 | 13,512 | 12,318 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) bunmhúinteoirí | | | 2,415,590 | 2,433,442 | 2,288,684 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) múinteoirí meánscoile, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirípobalscoileanna | | | 1,288,926 | 1,286,534 | 1,183,387 |
| | Deontais le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) i ndáil le tuarastail múinteoirí | | | 686,919 | 692,008 | 640,978 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | 525,569 | 520,290 | 476,069 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh | | | 112,457 | 105,573 | 102,597 |
| A.8 | Aoisliúntas etc. i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,062,865 | | | |
| | | *Forlíontach* | 130,000 | 1,192,865 | 1,189,109 | 1,112,350 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | | 190,000 | 200,275 | 188,535 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus Institiúidí oideachais eile | | | 437,742 | 444,567 | 434,321 |
| A.11 | Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | | 87,794 | 87,175 | 80,148 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | | 34,026 | 30,898 | 27,886 |
| A.13 | Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | | | 1,714 | 1,688 | 2,022 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | 76,597 | 67,297 | 54,459 |
| | | | | **7,128,169** | **7,133,309** | **6,661,168** |

***Difríochtaí suntasacha***

San iomlán, ba mhó de €135.14 milliún an caiteachas i ndáil le Clár A ná mar a soláthraíodh ar dtús. Ba iad na príomh-éagsúlachtaí:

*A.7 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh)*

Soláthar sa mheastachán bunaidh €112.457 milliún, toradh: €105.573 milliún

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an coigilteas de €6.884 milliún i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh

- Coigiltis de €3.3 mhilliún de thoradh ar mhoill i líonadh post áirithe ceadaithe go dtí an dara cuid de 2018. Bhí tosca eile ann nach féidir a thuar go beacht amhail incrimintí, saoire bhreoiteachta, saoire mháithreachais, daoine a bheith ag éirí as nó ag imeacht ar scoir in earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO).
- Coigiltis de €2.5 milliún de thoradh ar rómheastachán ar chostais do bhaill foirne neamhtheagaisc sna pobalscoileanna agus sna scoileanna cuimsitheacha agus costais phá a bhí níos ísle ná an tsuim mheasta faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020.
- Coigiltis de €1.1 milliún de thoradh ar líon níos lú post airíoch agus oifigeach cléireachais sna bunscoileanna agus oifigigh chléireachais i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha a bheith a n-íoc ón fho-mhírcheann. Tá polasaí ann deireadh a chur le poist de réir a chéile, nuair a bhíonn folúntas ann ní dhéantar sin a líonadh.

*A.8 Aoisliúntas etc. i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc*

Soláthar sa mheastachán bunaidh €1,062.865 milliún, toradh: €1,189.109 milliún

Tabhaíodh caiteachas breise de €126.244 milliún i gcoibhéis leis an meastachán bunaidh i ngeall ar chostais bhreise ag éirí go príomha as méadú ar líon na ndaoine a chuaigh ar scor agus a fuair pinsean agus cnapshuime mar aon le méadú ar meánchostais aisce níos airde ná mar a bhí leithdháilte sa mheastachán bunaidh. D'imigh 2,074 nduine ar scoir i 2018, i gcomparáid le 1,739 i 2017 agus 1,301 dhuine níos mó ná an 773 dhuine a bhí sa mheastachán bunaidh.

*A.9 Seirbhísí iompair scoile*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €190 milliún, toradh: €200.275 milliún

Tharla an méadú ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán go príomha de bharr €16.951 milliún de mhéadú ar chostais iompar scoile i 2018. Bhí an méadú foriomlán comhdhéanta go príomha de.

- €10 milliún maidir le costais mhéadaithe sa soláthar do scéim iompair na Riachtanas Speisialta Oideachais agus méadú ar líon na ndaltaí cáilithe. Bhain 13,000 dalta leas as an scéim i 2018, i gcomparáid le 12,500 i 2017.
- €4 mhilliún chun Coimhdirí Bus Scoile breise a sholáthar ar aon dul leis an méadú ar líon na ndaltaí ar iompar RSO
- €2 mhilliún a bhain le seirbhísí iompair a sholáthar do dhaltaí príomhshrutha.

Rinneadh an €16.951 milliún breise de chaiteachas i 2018 a fhritháireamh le €6.676 milliún de laghdú ar íocaíochtaí le Bus Éireann, a bhí coimeádta mar chúlchiste ag Bus Éireann agus a bhí ar fáil d'oibríochtaí iompar scoile amach anseo. Rinne an Roinn an cinneadh seo, i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun méid iomlán an chúlchiste neamhghealltа a bhí coimeádta ag Bus Éireann a ghlanadh.

*A.12 Oideachas múinteoirí*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €34.026 milliún, toradh: €30.898 million

Bhain an laghdú de €3.128 mhilliún ar chaiteachas i gcoibhéis leis an meastachán bunaidh le.

- Tráthchlár leasaithe d'athchóiriú curaclaim agus ábhair nua a tugadh isteach ar bhonn píolótach i líon laghdaithe scoileanna as ar spáráladh €1.2 mhilliún.
- Laghdú ar líon na ndaoine páirtaimseartha a bhí ar fáil chun oiliúint a chur ar fáil i gcomparáid le réamh-mheastacháin don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus oiliúint Measúnaithe agus Treorach nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir léi le linn 2018, as ar spáráladh €600,000.
  Níor ghlac an oiread céanna daoine agus a raibh súil leis cóitseáil do phríomhoidí scoile, as ar spáráladh €500,000.
- Glanchaiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar Líonraí Gairmiúla Múinteoirí agus ar Líonra na nIonad Oideachais (€500,000).
- Bhain an coigilteas atá fágtha le cúrsaí amaithe i roinnt tionscadail eile, lena n-áirítear:
  - moill ar dhul chun cinn i gcás tionscadal taighde leis an bhForas Taighde ar Oideachas (€100,000) agus;
  - tabhairt isteach na hoiliúna do Bhoird Bainistíochta ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile maidir leis na nósanna imeachta nua um Chosaint Leanaí (€100,000) agus;
  - coigilteas ar fheachtas margaíochta dírithe ar an múinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn (€100,000).

*A.14 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha*

An soláthar sa mheastachán bunaidh: €76.597 milliún, toradh: €67.297 milliún

Laghdaigh an caiteachas de €9.3 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin i ngeall go príomha ar.

- Idirbheartaíocht sínte conartha i dtionscadail seirbhísí comhroinnte in earnáil BOO agus an ardoideachais agus moilleanna dá réir ar íocaíochtaí, as ar sábháladh €4,856 milliún san iomlán
- €2.012 milliún de choigilteas foriomlán faoi Chlár TFC na Scoileanna, comhdhéanta den chuid is mó de.
  - €1.629 milliún mar thoradh ar chonarthaí nua ar chostas níos ísle do Chlár Leathanbhanda na Scoileanna, a bhainistíonn HEAnet thar ceann na Roinne;
  - caiteachas ar Chlár Barr Feabhais sna Scoileanna – Digiteach agus ar an gClár um Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (€168,000) a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis;
  - moill ar chur i bhfeidhm Straitéis Dhigiteach na Scoileanna agus líon níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás na scoileanna nár cháiligh faoi na critéir do Mhaoiniú Deontais do Bhonneagar TFC (€209,000) .
- Laghdú ar na costais a rabhthas ag súil leo ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus ar chostais dlí eile (€960,000).
- €640,000 de choigilteas i dtaca le moill ar an Straitéis Teangacha a chur i bhfeidhm.
- Coigilteas eile i réimsí éagsúla, lena n-áirítear.
  - caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i dtaca leis an leathnú de réir a chéile ar an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais isteach sna hearnálacha Bunoideachais, Pobalscoile agus Scoileanna Cuimsitheacha (€254,000);
  - laghdú ar an gcostas a ghabhann le Séideán Sí a chur i gcló (€190,000);
  - caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis faoin Straitéis Sláinte Ceirde (€96,000);
  - caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar thionscadail an Líonra le haghaidh Fiontraíocht Múinteoireachta agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (€100,000);
  - caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar an bpróiseas chun pátrúnachtaí a dhídhílsiú (€125,000).

## Clár B Forbairt Scileanna

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 3,733 | 4,380 | 3,040 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 825 | 1,059 | 681 |
| B.3 | Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus costais ghinearálta | 24,107 | 21,340 | 23,363 |
| B.4 | Fóirdheontais Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Fóirdheontais an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD) | 620 | 540 | 475 |
| B.5 | Deontais do SOLAS i ndáil le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna | 309,693 | 296,464 | 263,855 |
| B.6 | Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 4,505 | 5,381 | 4,344 |
| B.7 | Aoisliúntas etc. iníoctha le hiarbhaill de FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliúna (ANCO) | 33,000 | 32,170 | 32,064 |
| B.8 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 25 | 25 | — |
| B.9 | Seirbhísí na bhFóram Réigiúnach Scileanna | — | — | 924 |
| | | **376,508** | **361,359** | **328,746** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba lú de €15.149 milliún an caiteachas i ndáil le Clár B ná mar a soláthraíodh ar dtús. Ba iad na príomh-éagsúlachtaí:

*B.3 Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus costais ghinearálta*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €24.107 milliún, toradh: €21.34 milliún

Bhain an €2.767 milliún de laghdú ar chaiteachas i gcoibhéis leis an meastachán bunaidh le coigilteas ar chláir áirithe de chuid SOLAS ar nós Meastóireacht Straitéiseach agus Forbairt san Ionad Oibre, a chuimsigh míreanna de thacaíocht lasmuigh a fháil ar conradh, míreanna nach ndeachaigh ar aghaidh chomh luath i 2018 agus a bhíothas ag súil leis. Baineann an €1.267 d'iarmhéid le cistiú a choimeád an comhlacht ag deireadh 2017 agus a rinneadh a fhritháireamh in íocaíochtaí deontais 2018 i gcomhlíonadh Imlitir 13/2014.

*B.6 Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €4.505 milliún, toradh: €5.381 milliún

Ba é an chúis leis an €876,000 de mhéadú ar chaiteachas i gcoibhéis leis an meastachán bunaidh iarratas ar chistiú breise ón QQI chun na Coimisinéirí Ioncaim a íoc maidir le 2018 agus blianta roimhe sin as CBL ar sheirbhísí a ceannaíodh ó thíortha thar lear agus atá inchánach sa tír ina bhfaightear iad.

## Clár C Ardoideachas

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 3,598 | 4,261 | | 4,091 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 796 | 1,030 | | 917 |
| C.3 | Deontas do chostais ghinearálta an Údaráis um Ardoideachas | | 6,351 | 6,488 | | 6,251 |
| C.4 | Deontais ghinearálta reatha d' ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe ardoideachais eile | | 1,007,355 | 1,007,368 | | 988,655 |
| C.5 | Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – gan iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas san áireamh | | 6,257 | 5,773 | | 5,752 |
| C.6 | Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 11,358 | 11,608 | | 11,067 |
| C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 6,731 | 6,731 | | 6,566 |
| C.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas) | | 3,163 | 3,163 | | 3,001 |
| C.9 | Deontas d'institiúidí tríú leibhéal áirithe | | 7,844 | 7,603 | | 7,425 |
| C.10 | Aoisliúntas etc. atá iníoctha le hiar-bhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 94,997 | | | | |
| | *Forlíontach* | 17,000 | 111,997 | 114,990 | | 102,639 |
| C.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais bhainteacha | | 406,877 | 394,191 | | 404,614 |
| C.12 | Gníomhaíochtaí taighde | | 40,600 | 40,600 | | 40,600 |
| C.13 | Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh | | 6,989 | 6,138 | | 5,621 |
| C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin | | 3,138 | 2,985 | | 2,771 |
| C.15 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 100 | 94 | | 68 |
| | | | **1,623,154** | **1,613,023** | | **1,590,038** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba mhó de €6.689 milliún an caiteachas maidir le Clár C ná mar a bhí sa mheastachán bunaidh. Ba iad na príomhdhifríochtaí:

*C.5 Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – gan iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas san áireamh*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €6.257 milliún, toradh: €5.773 milliún

Ba de thoradh ar straitéis na Gaeilge ar luach €484,000 a bheith curtha i bhfeidhm níos moille ná mar a bhíothas ag dúil leis chomh maith le réimse mionchoigilteas eile a bhí coigilteas de €400,000 sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán.

*C.10 Aoisliúntas etc. atá iníoctha le hiar-bhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíocht*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €94.997 milliún, toradh: €114.99 milliún

Tharla méadú €19.993 milliún ar chostas i gcoibhéis leis an soláthar de bharr caiteachas breise ag éirí as méadú ar líon na ndaoine a chuaigh ar scor agus a fuair pinsean agus cnapshuim mar aon le meánchostais aisce níos airde ná mar a bhí cionroinnte sa mheastachán bunaidh. Chuaigh 3,158 nduine ar scor i 2018 i gcomparáid le 2,883 d'uimhir mheasta agus íocadh 227 cnapshuim i gcomparáid leis an 76 cnapshuim a leithdháileadh sa mheastachán bunaidh.

*C.13 Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €6.989 milliún, toradh: €6.138 milliún

Tháinig an coigilteas de €851,000 sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh de thoradh:

- ranníocaíocht níos lú ná mar a bhíothas ag dúil leis do EOECNA (€230,000)
- tharraingt anuas níos lú ná mar a bhíothas ag dúil leis ar mhaoiniú meaitseála do Chiste Scoláireachta George Mitchell (€200,000);
- tharraingt anuas níos lú ná mar a bhíothas ag dúil leis ó Enterprise Ireland chun Éire a chur chun cinn mar láthair don Oideachas Idirnáisiúnta (€420,000);

## Clár D Seirbhísí Caipitil

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sa mheastachán bunaidh | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 8,499 | 10,061 | 10,052 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 1,877 | 2,432 | 2,253 |
| D.3 | Trealamh tógála agus feisteas do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna | 558,605 | 573,299 | 555,520 |
| D.4 | Deontais tógála agus costais chaipitil ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus sain-institiúidí ardoideachais eile | 30,000 | 33,850 | 22,000 |
| D.5 | Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | 93,230 | 83,310 | 71,570 |
| | | **692,211** | **702,952** | **661,395** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba mhó an caiteachas maidir le Clár D de €10.741 milliún ná mar a bhí sa soláthar bunaidh. Ba iad na príomhdhifríochtaí:

*D.4 Deontais tógála agus costais chaipitil ollscoileanna,institiúidí teicneolaíochta agus sain-nstitiúidí ardoideachais eile*

Soláthar sa mheastachán bunaidh €30 milliún, toradh: €33.85 milliún

Leithdháileadh €3,85 milliún ó choigilteas eile a aithníodh faoi leithdháileadh caipitil na Roinne chun soláthar a dhéanamh d'éilimh shuntasacha a tháinig chun cinn maidir le tionscadail chaipitil ardoideachais i 2018. Chumasaigh an leithdháileadh breise seo íocaíochtaí eile i 2018 mar chomhlíonadh ar ghealltanais chaipitil san earnáil ardoideachais, go háirithe íocaíocht le hOllscoil Luimnigh as Céim II de Leabharlann Glucksman.

*D.5 Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha*

Soláthar sa mheastachán bunaidh €93.23 milliún, toradh: €83.31 milliún

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an glanchaitheamh de €9.92 milliún i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán.

- Moill ar sheachadadh seirbhíse clár Beartán 5 na Scoileanna, as ar lean íocaíochtaí maidir le Muirir Aonadacha a bheith níos ísle ná mar a bhí súil leis mar aon le híocaíocht CBL ar an toirt de €7.3 milliún nó mar sin maidir leis na trí scoil fanta gan a bheith íoctha.
- Moill go dtí 2019 maidir le leathnú buan a sholáthar i scoil áirithe as ar lean coigilteas de bheagán de bhreis ar €2 mhilliún.
- Bhí leibhéil bhoilscithe i 2018 níos ísle ná mar a bhí súil leis as ar lean innéacsú níos ísle ná mar a bhí súil leis ar íocaíochtaí aonadacha ar Bheartán na dTreoirscoil, agus ar an gCéad, an Dara, an Tríú agus an Ceathrú Beartán Scoileanna. D'fhág sé sin €640,000 de laghdú ar íocaíochtaí aonadacha sna beartáin seo ná mar a bhí súil leis. I ngeall ar an moill ar sheachadadh seirbhíse ar an gCúigiú Beartán Scoileanna lean réamh-mheastacháin na híocaíochta aonadaigh don bheartán seo de bheith ag athrú mar léiriú ar an dáta seachadta a rabhthas ag súil leis i gcás na scoileanna sin.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Fíoraithe | | Fíoraithe |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| E.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | | 205,447 | 174,115 | | 170,205 |
| E.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE | | | | | |
| | *Bunaidh* | 35,025 | | | | |
| | *Forlíontach* | (34,700) | 325 | 109,816 | | 22,173 |
| E.3 | Fáltais ó asbhaintí i ndáil le pinsin ar luach aothair sa tseirbhís phoiblí | | 266,451 | 292,871 | | 265,614 |
| E.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | | 3,824 | 5,057 | | 4,271 |
| E.5 | Ilghnéitheach | | 5,748 | 5,001 | | 3,325 |
| | | | **481,795** | **586,860** | | **466,588** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba lú de €70.365 milliún na Leithreasaí i gCabhair ná an meastachán bunaidh.

Leagtar amach thíos na míniúcháin ar dhifríochtaí

E.1 ***Ranníocaíochtaí aoisliúntais***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €205.447 milliún, toradh: €174.115 milliún

Ba lú de €31.332 mhilliún na fáltais aoisliúntais ná mar a bhí sa mheastachán bunaidh de thoradh orthu seo a leanas:

- Íocadh ranníocaíochtaí de €29.188 mhilliún de chuid na Scéime Pinsin Singile (SPS) do Vóta 12, Aoisliúntais agus Liúntais Scoir. Níor chuir an meastachán bunaidh san áireamh gur tugadh isteach athruithe mar chuid den Scéim Pinsin Shingil - áit nach gcoinníonn an Roinn fáltais maidir le daoine úra a thagann isteach chuig an tseirbhís phoiblí.
- Ceannaíodh níos lú ranníocaíochtaí deonacha breise aonuaire ná mar a bhíothas ag dúil leis - rud a d'fhág luach €1.562 milliún níos lú fáltas ná mar a bhíothas ag dúil leis.

E.2 ***Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €35.025 milliún, toradh: €109.816 milliún

Tharla an €74,791 milliún de mhéadú de bhrí gur réamhaisnéis choimeádach a bhí sa mheastachán tosaigh (€35,025 milliún) ar fháltais CSTE/YEI féideartha ag éirí as an gcéad iarratas ar íocaíocht faoin gClár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.

Ní féidir iarratais ar íocaíocht a sheoladh chuig an gCoimisiún Eorpach ach amháin tar éis na húdaráis CSTE ábhartha a bheith ainmnithe agus ainmníodh na húdaráis CSTE Éireannacha ar an 13 Samhain 2018. Cuireadh na chéad iarratais ar íocaíocht ar aghaidh chuig an gCoimisiún ar an 22 Samhain 2018. Sna hiarratais seo, bhain €205.8 milliún le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a réamh-mhaoiníodh ó vóta na Roinne as ar lean fáltais CSTE de €109.4 milliún (€76,4 milliún pá agus €33 milliún neamhphá) faoi dheireadh bliana.

An uair a seoladh na hiarratais chuig an gCoimisiún Eorpach, níor ráthaíodh go gcuirfí na fáltais sa chuntas le linn 2018. Ar an mbonn sin, glacadh cur chuige stuama i leith soláthar forlíontach meastacháin, agus cuireadh meascán forlíontach laghdaithe de €34.7 milliún i

bhfeidhm. Ar aon nós, fuarthas an €109.4 milliún d'íocaíocht ón gCoimisiún Eorpach ar an 10 Nollaig 2018.

E.3 ***Fáltais ó asbhaintí i ndáil le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €266.451 milliún, toradh: €292.871 milliún

Ba de bharr méaduithe pá faoin gComhaontú Cobhsaíochta Seirbhísí Poiblí as ar lean méadú 1% ar phá in Eanáir agus Deireadh Fómhair 2018 go príomha an méadú de €26.42 milliún i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán. Tá baint dhíreach ag suim na n-asbhaintí a bhaineann le pinsean le costas na bpárollaí.

E.4 ***Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €3.824 milliún, toradh: €5.057 milliún

Ba mhó de €1.233 mhilliún fáltais aisghabhála ró-íocaíochtaí ná mar a bhíothas ag dúil leis. Is doiligh leibhéal na bhfáltas seo a thuar go beacht ar an ábhar go bhféadann aisghabhálacha a bheith ar bhonn aon uaire nó ar bhonn céimneach.

**E.5** ***Ilghnéitheach***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €5.748 milliún, toradh: €5.001 milliún

Baineann an t-easnamh de €747,000 ar fháltais ilghnéitheacha leo seo a leanas.

- €950,000 níos lú ná mar a bhíothas ag dréim leis ó mhaoiniú údarás áitiúil agus athbhreithniú ar réamhíocaíocht Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.
- €200,000 níos lú ó fháltais eile amhail aisíocaíochtaí Leasa Shóisialaigh le haghaidh saoire
mháithreachais, costais mhíchumais agus atharthachta a bhíonn in-aisghabhála, fáltais ó chuntais dhíomhaoine agus fáltais ilghnéitheacha eile.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | — | — |
| Aisghabháil maoiniú gan chaitheamh ón Údarás um Ardoideachas/ Comhairle Thaighde in Éirinn | 831 | 2,590 |
| Diúscairt sócmhainní [b] | 17 | — |
| Fáltais ó airgead coinsiasa | 27 | 1 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (27) | (2,591) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **848** | **—** |

[a] I Nollaig 2018, tháinig €831,374 d'fháltais bhreise Státchiste a géilleadh don Státchiste chun cinn ó aisghabháil cistí ón Údarás um Ardoideachas i ndáil le deontais a rinne an Chomhairle um Thaighde in Éirinn sna blianta roimhe sin a d'fhan neamhchaite, agus a cuireadh ar ais. Aisíocaíodh na cistí seo leis an Státchiste in 2019.

[b] I dtreo dheireadh 2018, rinneadh €16,900 d'fháltais ó charr a dhíol SOLAS leis an HEA a aistriú go dtí an Roinn ar aon dul leis an mbeartas go gcaithfear gach fáltais ó shócmhainní a dhíol a thabhairt ar ais don Roinn tuismitheora. Aisíocaíodh na cistí seo leis an Státchiste in 2019.

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon fostaithe

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (coibhéiseacha lánaimseartha) | **109,000** | **106,062** |

Ní áirítear sna poist tríú leibhéal a thuairiscítear thíos ach poist mhaoinithe croíláir de bhrí gurb iad seo amháin atá san áireamh in áireamh foriomlán na mball foirne earnála poiblí.

## 5.2 Líon ball foirne agus páchostais ghaolmhara a eisíocadh ó Vóta 26

| **Catagóir na mball foirne dar tugadh luach saothair** | **An fo-mhírcheann ónar eisíocadh na cistí** | | **Líon fostaithe sa tSeirbhís phoiblí ag 31 Nollaig 2018** | **Caiteachas bainteach le pá 2018** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | **€000** |
| **An chéad leibhéal** | A.3 | Bunmhúinteoirí | 37,527 | 2,433,442 |
| | A.6.1 | Cúntóirí riachtanas speisialta | 11,926 | 418,978 |
| | A.7.1 | Foireann neamhtheagaisc | 243 | 9,959 |
| **An dara leibhéal** | A.4 | Múinteoirí meánscoile | 19,658 | 1,286,534 |
| | A.5 | Múinteoirí BOO | 12,655 | 692,008 |
| | A.6 (2-3) | Cúntóirí riachtanas speisialta | 3,047 | 101,312 |
| | A.7(2-4) | Foireann neamhtheagaisc | 2,203 | 95,614 |
| **Fo-iomlán an chéad agus an dara leibhé** | | | **87,259** | **5,037,847** |
| **An tríú leibhéal** | C.3 | An tÚdarás um Ardoideachas | 66 | 4,148 |
| | C.4 | Ollscoileanna/ institiúidí teicneolaíochta/RIA/ coláistí oiliúna | 18,505 | 731,308 |
| | C.6 | Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 122 | 10,020 |
| | C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | 51 | 4,002 |
| | C.11 | Riarachán i ndáil le deontais do mhic léinn | 81 | 3,577 |
| | C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 21 | 1,630 |
| **An tríú leibhéal – fo-iomlán** | | | **18,846** | **754,685** |

| Catagóir na mball foirne dar tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar eisíocadh na cistí | | Líon fostaithe sa tSeirbhís phoiblí ag 31 Nollaig 2018 | Caiteachas a bhain le pá 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | €000 |
| **Foireann na Roinne** | i. | Riarachán | 1,100 | 62,971 |
| | (viii) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 214 | 16,672 |
| **Fo-iomlán na Roinne** | | | **1,314** | **79,643** |
| **Eile** | A.11.1 | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 43 | 3,588 |
| | A.11.4 | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 155 | 11,147 |
| | A.11.5 | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 102 | 6,990 |
| | A11.7 | An Foras Taighde ar Oideachas | 31 | 1,959 |
| | A11.9 | Éire Chruthaitheach | 2 | 129 |
| | A.13.1 | An Bord Sásamh | 5 | 366 |
| | A.13.2 | Coimisiún ar Dhrochúsáid Leanaí | 2 | 252 |
| | A.14 | An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas | 13 | 932 |
| | A14.3.4 | Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí | 14 | 772 |
| | B.3.1 | Riarachán SOLAS | 203 | 11,049 |
| | B.6 | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 74 | 1,905 |
| | B.5 | Breisoideachas – SOLAS (Boird Oideachais agus Oiliúna) | 840 | 102,175 |
| | C.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (RIAM) | 60 | 3,036 |
| | | | **1,544** | **144,300** |
| **Fo-iomlán eile** | | | **108,963** | **6,016,475** |

Nóta

Léiríonn an tábla seo caiteachas pá-choibhneasa ón Vóta le haghaidh foireann teagaisc agus neamhtheagaisc, agus foirne cuideachtaí a bhí maoinithe ó Vóta 26 le linn 2018 chomh maith lena n-uimhreacha coibhéiseacha lánaimseartha (CL) ar 31 Nollaig 2018.

Áirítear sa €6.057 de mhéid iomlán pá a tuairiscíodh i Nóta 1 (i gcomparáid le €6.016 milliún i dTábla 5.2 thuas) deontais pá eile a íocadh as an Vóta chun costais tuarastail a chlúdach i gcás ball foirne nár cuireadh san áireamh i dtuairisceáin earnála poiblí na Roinne.

Íoctar 37 mball foirne choibhéis lánaimseartha eile in QQI (B.6), in HEA (C.3),i in DIAS (C.7) agus in RIAM (C.8) ó mhaoiniú príobháideach taighde, nó ó mhaoiniú státchiste agus ní ó chroíchiste na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ní áirítear na baill foirne seo sna líonta earnála poiblí thuas ach tá siad san aireamh i líon foriomlán na bhfostaithe ag nóta 5.1 thuas.

## 5.3 Foireann na Roinne [a]

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá [b] | 73,652 | 69,315 |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 293 | 234 |
| Liúntais eile | 48 | 55 |
| Ragobair | 431 | 412 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,219 | 4,581 |
| **Pá iomlán** | **79,643** | **74,597** |

Nóta [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus le liúntais a íoctar le baill foirne riaracháin sa Roinn agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Athluadh méid an Phá le haghaidh 2017 de bhrí go raibh €726,00 maidir leis an Scéim um Sheirbhísí Measúnachta Síceolaíochta a Choimisiúnú san áireamh ann. Athaicmíodh é sin mar chaiteachas neamhphá faoi viii An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

## 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 99 | 4 | 24,765 | 18,213 |
| Liúntais eile | 24 | — | 5,704 | 5,338 |
| Ragobair | 222 | 3 | 20,676 | 22,859 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 39 | 1 | 18,303 | 22,275 |

Baineann na sonraí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo amháin le foireann riaracháin Roinne agus le foireann NEPS.

## 5.5 Pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus pá bunaithe ar thuillteanas

Fuair 7 mball foirne a bhí ag fáil íocaíochtaí seirbhíse speisialta faoi chomhaontú athstruchtúraithe 1% PWC AHCPS €18,295 san iomlán i 2018.

## 5.6 Socruithe luacha saothair eile

Cuireadh 32 státseirbhíseach a bhí ar scoir agus a bhí ag fáil pinsin Státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán de €162,000 agus chuimsigh seo costais taistil agus chothabhála de €26,258. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

## 5.7 Íocaíochtaí párolla

**Ró-íocaíochtaí tuarastal leis an bhfoireann riaracháin**

Bhí ro-íocaíochtaí de €351,000 maidir le 129 nduine aonair ag deireadh na bliana (2017 €353,763, 137 nduine). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le 37 díobh seo. Aithníodh luachanna ró-íocaíochta i 73 cás eile ach ní raibh pleananna i bhfeidhm mar gheall ar chúrsaí ama ag deireadh na bliana. I gcás 19 nduine eile, níorbh eol luach na haisíocaíochta ag deireadh na bliana.

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochta i 2018 chuig dhá roinn ar leithligh. B'fhiú €15,000 an méid a aistríodh.

**Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/neamh-mhúinteoirí agus pearsanra ar scor**

Ag deireadh na bliana, bhí luach de €5,062 milliún ar ró-íocaíochtaí i ndáil le 4,293 dhuine (2017: €4,597 milliún, 4122 dhuine). Ní áiríonn seo na ró-íocaíochtaí breise pinsin a ndéantar tagairt ar leith díobh thíos. Ag deireadh na bliana, aithníodh 36 dhuine úra nach bhfuil plean íocaíochta i bhfeidhm acu. Feidhmíonn an Roinn mar phá-mháistir thar ceann údaráis bhainistíochta breis agus 3,700 scoil agus bíonn sí, mar sin de, ag brath ar údaráis na scoile na sonraí riachtanacha a bhaineann le baill foirne a cheapadh, a íoc agus íocaíochtaí ball foirne a scor, a chur isteach ar bhonn tráthúil.

**Ró-íocaíochtaí pinsean forlíontach**

Ba é €1,191 milliún suim na ró-íocaíochtaí pinsean forlíontacha ag deireadh na bliana (2017: €1.4 milliún). Den 320 cás bunaidh a aithníodh, tá aisíoc déanta ag 171 (53%) díobh. Tá socrú aisíocaíochta ar bun ag 137 (43%) eile. Déanann an Roinn monatóireacht leanúnach ar na cásanna sin agus bainistítear na cásanna sin nár aisíocadh go fóill Tá na 12 chás eile, atá coimpléascach, á bpróiseáil fós.

**Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar fho-asbhaint den Laghdú Pinsin Seirbhíse Poiblí**

I R3 2018, aithníodh 89 cás nó mar sin de phinsinéirí ina ndearnadh gann-asbhaint sa laghdú ar an bpinsean seirbhíse poiblí as ar lean ró-íocaíochtaí. Tá an Roinn i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis. Níor aithníodh an méid iomlán go fóill agus níl pleananna aisíocaíochta i bhfeidhm go fóill.

## 5.8 Íocaíochtaí téarfa/iomarcaíochta

Le linn 2018, íocadh iomarcaíocht le 62 dhuine trí phárollaí múinteora na Roinne, i gcáil na Roinne mar phá-mháistir do scoileanna áirithe. Ba é €1.168 milliún an t-iomlán a íocadh agus áiríodh air íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla mar ba chuí. Rinneadh 44 íocaíocht a sháraigh €10,000. Ba é €51,00 an tsuim ba mhó a íocadh i 2018.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú AE

**Tá fáltais i ndáil le cistiú AE a fuarthas le linn 2018 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí i gcabhair sonraithe sa tábla thíos:**

| **Catagóir chistithe AE** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| E.2.1 Pá CSE | 76,376 | 15,733 |
| E.2.1 Neamhphá CSE | 33,033 | 6,743 |
| E.2.2 Cláir CECD | – | 370 |
| E.2.3 Tionscadail oideachais CE | 407 | 327 |
| | **109,816** | **23,173** |

**Fáltais CSE 2018**

Taispeánadh mar leithreasaí i gcabhair an €109.4 milliún (€76.4 milliún pá agus €33 mhilliún neamhphá) de shuim a fuarthas i 2018. Cuireadh an caiteachas gaolmhar san áireamh sa chaiteachas taifeadta ó fho-mhírchinn Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna B3, B5 & C11 maidir leis na blianta 2014 go 2016. Tháinig fáltais ón gClár don Infhostaitheacht, Ionchúimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020 ar clár cómhaoinithe é de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE).

**Fáltais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF) 2018**

De bhrí nach raibh aon chlár EGF i bhfeidhm i 2018, ní bhfuarthas aon fháltais.

**Tionscadail oideachais CE**

Chuimsigh fáltais 2018 faoi thionscadail oideachais CE íocaíochtaí cúitimh le haghaidh costas riaracháin a tabhaíodh chun riar ar an Lárionad don Scolaíocht Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí, imeachtaí a bhain le rannpháirtíocht na hÉireann i Líonra Eolais Eurydice Choimisiún na hEorpa agus an tionscadal Eurostudent VII 2016-2018.

### 6.2. Cistiú díreach AE do chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne 2018

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach AE chuig forais faoi choimirce na Roinne i rith 2018:

| **Foras faoi choimirce** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | 44 | 41 |
| An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas | 76 | 51 |
| An tÚdarás um Ardoideachas) | 252 | 228 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 694 | 586 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 5,264 | 4,213 |
| Léargas [a] | 12,546 | 10,604 |
| | **18,876** | **15,723** |

Nóta [a] Ní bhaineann an cistiú le haghaidh Léargas ach le cláir Oideachais

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**

I 2018, fuair an CNCM € 19,000 i gcistiú díreach AE ó Dheontas Erasmus AE maidir le tionscadal The Student Voice – The Bridge to Learning. Anuas ar sin, fuair an CNCM €25,000 breise i gcistiú díreach AE maidir le CO-LAB, ar tionscadal é a dhíríonn ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim chomhoibritheach agus a mhaoiníonn an tAontas Eorpach.

**An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas**

Fuair an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas cistiú AE i ndáil le gníomhaíochtaí tionscadail Euroguidance, An Líonra Beartas um Threoir Eorpach, Scoileanna Eorpacha agus tionscadal PLOTEUS i 2018. San iomlán, ba é €76,000 suim an chistithe seo i 2018. Có-mhaoiníonn an Coimisiún an Lárionad Euroguidance chun soghluaisteacht oideachais a chur chun cinn agus tacú le malartú eolais i measc na mBallstát ar chúrsai oideachais, oiliúna agus deiseanna foghlama ar fud an AE. Oibríonn Euroguidance le gairmchomhairleoirí agus le páirtithe leasmhara chun scileanna soghluaisteachta a fhorbairt agus cuireann sé eolas ar fáil ar an tslí le teacht a fháil ar oideachas in Éirinn. Baineann Euroguidance Ireland le Líonra Euroguidance an AE ina bhfuil 64 ionad ar fud an AE, iad uile á gcómhaoiniú ag an gCoimisiún.

**An tÚdarás um Ardoideachas**

I 2018 fuair an tÚdarás um Ardoideachas €252,000 i gcistiú díreach AE maidir leis na costais a ghabhann le clár Erasmus+ a chur chun cinn agus a riaradh in Éirinn.

**Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)**

I 2018 fuair an QQI €694,000 i gcistiú díreach AE. Cuireann an QQI rúnaíocht ar fáil do EQAVET (an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas) anuas ar bheith mar ionad náisiúnta do EUROPASS agus do NARIC. Fuair an QQI cistiú, leis, as athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar IUIL (Institut Universitaire International Luxembourg).

**An Chomhairle um Thaighde in Éirinn**

Gníomhaireacht ghaolmhar den Roinn Oideachais agus Scileanna is ea an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus oibríonn sé faoi choimirce an Údaráis um Ardoideachas. Bunaíodh í i lár 2012 tar éis An Chomhairle um Thaighde in Éirinn mar thoradh ar chumasc idir an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta agus Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht. I 2018, fuair an Chomhairle um Thaighde in Éirinn €5.264 milliún i gcistiú díreach AE, lena n-áirítear €4.817 milliún faoi na Daonnachtaí sa Limistéar Taighde Eorpach, €20,000 le haghaidh an Chláir Idirnáisiúnta Comhaltachtaí um Fhorbairt Gairme agus €427,000 le haghaidh Clár Comhaltachtaí Iar-Dhochtúireachta COFUND de chuid Marie Skłodowska-Curie Actions (dar teideal CAROLINE – ‘Collaborative Research Fellowships for a Responsive and Innovative Europe’)

**Léargas**

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ina hÚdarás Náisiúnta ar an gclár Erasmus+, clár suaitheanta an AE le haghaidh Oideachais agus Scileanna. Cheap ROS Léargas mar Ghníomhaireacht Náisiúnta atá freagrach as riarachán clár maidir le Scoileanna, Gairmoideachas, Gairmoiliúint agus earnálacha Oideachas d'Aosaigh. Tá sé freagrach freisin as réimse an Óige (RLGO). Cuideachta neamhbhrabúis atá in Léargas ata cláraithe san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Fuair Léargas cistiú AE i ndáil le Erasmus +, Eurodesk, ECVET, E-twinning Epale agus Euroguidance.

## 6.3 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2018 | Caiteachas i 2018 | Caiteachas i 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún um Míúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 82,236 | 689 | 880 |
| An Scéim Sásamh d’Institiúidí Cónaithe[a,b] | 2002 | 1,241,069 | 751 | 983 |
| | | **1,323,305** | **1,440** | **1,863** |

Nóta [a] Fuarthas €43 mhilliún den chaiteachas iomlán de €1.24 billiún ar an Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe ag deireadh 2018 ó na cuallachtaí reiligiúnacha faoin gComhaontú Slánaíochta, 2002.. Tabhaíodh €10 milliún eile de chaiteachas i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun an Chomhaontaithe Slánaíochta 2002, ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le cásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim sásaimh.

[b] Ag deireadh 2018, ba é €62 mhilliún na costais charnacha riaracháin i gcás an Bhoird Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe agus €9.6 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe ar Institiúidí Cónaithe.

**Cuntas Speisialta um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta**

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe, 2002, go mbunófaí Cuntas Speisialta a bheadh maoinithe as "airgead a sholáthróidh an tOireachtas" agus ag "duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais". Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an chuntais speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an chomhaontaithe slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí reiligiúnacha a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad sceideal den chomhaontú sin Úsáidtear airgead ón gcuntas speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe agus le híoc as costais bhainteacha dlí agus socraíochta. Tá an cuntas speisialta faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Cuntas Infheistíochta an Chiste Reachtúil i leith Institiúidí Cónaithe arna bhunú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**

In Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé de rún aige feidhm a bhaint as €110 milliún de na ranníocaíochtaí a thairg na cuallachtaí reiligiúnacha chun ciste reachtúil a bhunú agus a oibriú d'fhonn tacú le riachtanais mharthanóirí na drochúsáide leanaí sna hinstitiúidí cónaithe. Fad a bhí bunú an chiste reachtúil ar feitheamh, osclaíodh cuntas úsmhar speisialta, faoi chomhsmacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, sa Bhanc Ceannais chun na ranníocaíochtaí airgid a ghlacadh ó na cuallachtaí reiligiúnacha.

Tar éis thosach feidhme an Achta um an gCiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe, 2012, agus tar éis do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta cuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe a bhunú, aistríodh iarmhéid €41.3 milliún chuig cuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i 2013, de réir ailt 29(1) d'Acht 2012. Dúnadh an cuntas ainmnithe Bhainc Ceannais ina dhiaidh sin in 2013.

Fuarthas €61.7 milliún idir 2013 agus 2018 agus an dá bhliain san áireamh, ó chuallachtaí réigiúnacha agus taisceadh é i gcuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe. Ar an 31 Nollaig 2018, b'ionann agus €103 mhilliún na taiscí iomlána isteach i gcuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, comhdhéanta de €101.6 milliún móide ús breise. Léiríonn seo na ranníocaíochtaí deonacha a fuarthas ó chuallachtaí reiligiúnacha i dtreo na gcostas a thabhaigh an Stát le freagra a thabhairt ar mhí-úsáid leanaí in institiúidí cónaithe agus bhíothas ag dúil leis go dtabharfadh seo tacaíocht d'iarchonraitheoirí tríd an gCiste Reachtúil - Caranua anois. Forálann Acht 2012 go bhféadfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a íoc leis an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe (a úsáideann an t-ainm Caranua), arb éard a bheidh iontu ná suimeanna a bheidh iarrtha chun íoc as caiteachas a thabhóidh sé ó thaobh a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Forálann Acht 2012, freisin, go n-íocfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a bheidh iarrtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun íocaíochtaí a dhéanamh le hOifigeach neamhspleách na nAchomharc arna cheapadh faoi alt 21 d'Acht 2012. Tá cuntais an Chiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## 6.4 Cúiteamh agus costais dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh dáfa | Costais dlí dáfa | 2018 Iomlán | 2017 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ó bhaill den phobal | 93 | 550 | 496 | 646 | 1,692 | 2,111 |
| | | **550** | **496** | **646** | **1,692** | **2,111** |

Nóta Ba é €2.265 milliún (2017: €2.289 milliún) an tsuim a thabhaigh an Roinn i gcostais dlí i ngnó laethúil na Roinne, agus áirítear ann na costais dlí agus na dámhachtainí cúitimh atá liostaithe thuas. Aithnítear sa tábla thuas costais agus táillí dlí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léiríonn sé costais dlí chomhlachtaí eile a dtacaítear leo faoi fho-mhírchinn vótáilte

## Díscríobhanna

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíocht taistil agus cothabhála oidhreachta óinchiste | 2 | |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 77 | 18 |
| | **79** | **18** |

## 6.6 Calaois agus calaois amhrasta

Sa tréimhse idir Cuntais Leithreasa 2017 a shíniú agus an leagan deiridh de Chuntais Leithreasa 2018, cuireadh ocht gcás nua de chalaois/neamhrialtacht amhrasta in iúl don Roinn. Díobh sin, b'fhiú €2,428 dhá chás i dteannta a chéile. Tá sé chás faoi imscrúdú agus níor aithníodh aon luach go fóill.

Leanfaidh an Roinn de bheith ag déanamh gach iarracht réasúnta chun cistí Státchiste a aisghabháil i gcás calaoise nó neamhrialtachta.

## 6.7 Eadráin agus Idir-réiteach

Cuimsíonn caiteachas i 2018 íocaíochtaí de €163,00 (2017: €240,000) a rinneadh le conraitheoirí agus le daoine eile le costais a chlúdach a tháinig de bharr imeachtaí eadrána agus idir-réitigh. Bhí naoi gcás ann i 2018 (2017: seacht gcinn). Cuimsíonn na figiúirí CBL agus táillí dlíthiúla agus gairmiúla.

## 6.8 Ús ar riaráistí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Ús iomlán íoctha | €4,540 | €4,540 |

## 6.9 Caiteachas ar chóiríocht shealadach scoileanna

I rith 2018, bhí caiteachas de €26.2 milliún faoi fho-mhírcheann D.3.3 maidir le foirgnimh shealadacha (2017: €23.4 milliún).

## 6.10 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais de €1.91 milliún san iomlán thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta faoi mhaoirseacht na Rialtóirí Carthanas ag deireadh 2018 (2017: €2.483 milliún). Tá an tAire Oideachais agus Scileanna ina iontaobhaí ar an iontaobhas oideachais seo fós.

## Aguisín A Cuntais na bhforas faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna

Tugann an tábla a leanas liosta de na forais atá faoi choimirce na Roinne agus áit a mbíonn dualgas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ar dháta sínithe na gcuntas, an tréimhse dá mbaineann na ráitis airgeadais iniúchóireachta deiridh agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste forais/roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh | Dáta thuarascáil an iniúchóra | An dáta a bhfuair an tAire/an Roinn í | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| **Ollscoileanna / Coláistí** | | | | |
| **Tréimhse chuntais** | | | | |
| **1 Deireadh Fómhair to 30 Meán Fómhair** | | | | |
| Coláiste Ollscoile Chorcaí (COC) | 2016 | 20 Noll 17 | 15 Ean 18 | 12 Már 18 |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) | 2017 | 26 M.F. 18 | 15 D.F. 18 | 5 Noll 18 |
| Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh) | 2017 | 9 Iúil 18 | 12 Iúil 18 | 12 M.F. 18 |
| Ollscoil na hÉireann (OÉ) | 2017 | 28 M.F. 18 | 4 D.F. 18 | 19 Samh 18 |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) | 2017 | 12 Aib 18 | 19 Aib 18 | 14 Jun 18 |
| Ollscoil Luimnigh (UL) | 2017 | 18 Noll 18 | 17 Ean 19 | 12 Már 19 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) | 2016 | 4 Beal 18 | 15 Beal 18 | 29 Beal 18 |
| Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (NUIM) | 2017 | 4 Beal 18 | 21 Beal 18 | 3 Iúil 18 |
| Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach | 2017 | 18 Noll 18 | 17 Ean 19 | 15 Fea 19 |
| Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach | 2017 | 7 Samh 18 | 9 Samh 18 | 21 Noll 18 |
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) | 2017 | 21 Noll 18 | 5 Fea 19 | 1 Aib 19 |
| **Institiúidí Teicneolaíochta** | | | | |
| **Tréimhse chuntais** | | | | |
| **1 Meán Fómhair to 31 Lúnasa** | | | | |
| Baile Átha Luain | 2017 | 11 Noll 18 | 21 Noll 18 | 11 Fea 19 |
| Corcaigh | 2017 | 19 Noll 18 | 8 Ean 19 | 5 Már 19 |
| Baile Átha Cliath | 2017 | 21 Noll 18 | 14 Ean 19 | 13 Már 19 |
| Dún Dealgan | 2017 | 21 Noll 18 | 14 Ean 19 | 13 Már 19 |
| Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | 2017 | 9 Samh 18 | 15 Samh 18 | 11 Ean 19 |
| Gaillimh-Maigh Eo | 2017 | 18 Noll 18 | 21 Noll 18 | 13 Fea 19 |
| Baile Bhlainséir | 2017 | 11 Noll 18 | 19 Noll 18 | 11 Fea 19 |
| Ceatharlach | 2017 | 20 Noll 18 | 14 Ean 19 | 13 Már 19 |
| Sligeach | 2017 | 18 Noll 18 | 10 Ean 19 | 7 Már 19 |
| Tamhlacht | 2017 | 10 Noll 18 | 14 Noll 18 | 15 Ean 19 |
| Trá Lí | 2017 | 1 Már 19 | 07 Már 19 | 3 Beal 19 |
| Leitir Ceanainn | 2017 | 17 Noll 18 | 24 Ean 19 | 21 Már 19 |
| Luimneach | 2017 | 9 Samh 18 | 16 Samh 18 | 8 Ean 19 |
| Port Láirge | 2016 | 4 Beal 18 | 10 Beal 18 | 7 Jun 18 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)** | | | | |
| An Cabhán agus Muineachán | 2017 | 29 Jun 18 | 24 Iúil 18 | 14 M.F. 18 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 2017 | 19 Noll 18 | 24 Noll 18 | 6 Fea 19 |
| Corcaigh | 2017 | 13 Iúil 18 | 26 Iúil 18 | 14 M.F. 18 |
| Dún na nGall | 2017 | 11 M.F. 18 | 14 M.F. 18 | 27 M.F. 18 |
| Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire | 2017 | 28 Lún 18 | 29 Lún 18 | 22 D.F. 18 |
| Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire | 2017 | 30 D.F. 18 | 14 Samh 18 | 29 Samh 18 |
| Ciarraí | 2017 | 27 Samh 18 | 29 Samh 18 | 14 Noll 18 |
| Cill Dara agus Cill Mhantáin | 2015 | 24 Noll 18 | 18 Ean 19 | 13 Fea 19 |
| Cill Chainnigh agus Ceatharlach | 2017 | 23 Iúil 18 | 26 Samh 18 | 29 Samh 18 |
| Laois agus Uíbh Fhailí | 2017 | 24 Iúil 18 | 16 Samh 18 | 10 Noll 18 |
| Luimneach agus an Clár | 2017 | 28 Samh 18 | 29 Samh 18 | 10 Noll 18 |
| An Longfort agus an Iarmhí | 2017 | 13 Iúil 18 | 24 Iúil 18 | 14 M.F. 18 |
| An Lú agus an Mhí | 2017 | 29 Samh 18 | 3 Noll 18 | 20 Már 19 |
| Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim | 2017 | 20 Noll 18 | 21 Noll 18 | 6 Fea 19 |
| Tiobraid Árann | 2017 | 24 Lún 18 | 29 Lún 18 | 18 M.F. 18 |
| Port Láirge agus Loch Garman | 2017 | 17 Noll 18 | 19 Noll 18 | 23 Ean 19 |
| **Forais eile faoi choimirce** | | | | |
| SOLAS | 2017 | 25 Beal 18 | 30 Beal 18 | 13 Iúil 18 |
| Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 2017 | 21 Noll 18 | 4 Ean 19 | 25 Ean 19 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 2017 | 29 Jun 18 | 31 Iúil 18 | 10 M.F. 18 |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 2017 | 24 Noll 18 | 1 Fea 19 | 5 Fea 19 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 2017 | 11 Noll 18 | 17 Noll 18 | 17 Noll 18 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 2017 | 21 Noll 18 | 19 Fea 19 | 25 Fea 19 |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 2017 | 29 Samh 18 | 7 Noll 18 | 12 Noll 18 |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta | 2017 | 28 Beal 18 | 15 Jun 18 | Le cur faoi bhráid |
| An Foras Taighde ar Oideachas | 2017 | 21 Noll 18 | 8 Ean 19 | 7 Már 19 |
| Caranua | 2017 | 20 Noll 18 | 12 Fea 19 | 29 Már 19 |
| Cuntas Speisialta Sásaimh | 2017 | 21 M.F. 18 | 5 D.F. 18 | 11 D.F. 18 |
| Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) | 2017 | 29 Jun 18 | 6 Iúil 18 | 13 Iúil 18 |
| Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (RIAM) | 2017 | 21 Noll 18 | 8 Ean 19 | 5 Már 19 |
| Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | 2017 | 19 Noll 18 | 15 Ean 19 | 13 Már 19 |

## Aguisín B Mórthionscadail gealltanais chaipitil a bhfuil €10,000,000 nó níos mó de chaiteachas iomlán i gceist iontu

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhírcheann D.3** | | | | | |
| 1. Meánscoil Foghlaim le Chéile Páirc Hans, Baile Átha Cliath 15 | 16,668 | 644 | 21 | 17,333 | 17,050 |
| 2. Gaelscoil na nDéise, Campas Charraig Phiarais, Port Láirge | 14,648 | — | 126 | 14,474 | 14,774 |
| 3. Naomh Colm Cille, Baile Átha Cliath 16 | 16,275 | — | 342 | 16,617 | 16,617 |
| 4. Coláiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,556 | 82 | 24 | 13,662 | 13,587 |
| 5. Meánscoil Temple Carrig, Cill Mhantáin | 12,804 | —- | 121 | 12,925 | 12,925 |
| 6. Bunscoil Naomh Eoin, Ráth an Mhuilinn | 12,124 | 680 | 1,431 | 14,235 | 13,724 |
| 7. Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 14,659 | 30 | 194 | 14,883 | 14,882 |
| 8. Scoil Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 19,864 | 2,648 | 1,208 | 23,720 | 21,194 |
| 9. Meánscoil le Chéile, Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 | 19,462 | 339 | — | 19,801 | 19,576 |
| 10. Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise | 13,456 | 2,771 | 757 | 16,984 | 13,729 |
| 11. Scoil Chuimsitheach Newpark, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,687 | 346 | 6 | 14,039 | 13,862 |
| 12. Iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 14,401 | 69 | 80 | 14,550 | 14,550 |
| 13. Coláiste Dhún an Rí, Dún an Rí, an Cabhán | 14,890 | 40 | 261 | 15,191 | 15,191 |
| 14. Foghlaim le Chéile Luimnigh, Mungairit, Luimneach | 12,335 | 145 | 205 | 12,685 | 12,662 |
| 15. Scoil Náisiúnta Foghlaim le chéile Pháirc Hans, Baile Átha Cliath 15 | 9,698 | 564 | 113 | 10,375 | 10,100 |
| 16. Scoil Náisiúnta Michael Street, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman | 10,295 | 758 | 421 | 11,474 | 10,522 |
| 17 Coláiste Sancta Maria, Ráth Fearnáin, Co. Bhaile Átha Cliath | 7,903 | 535 | 2,572 | 11,010 | 11,010 |
| 18. Coláiste Chluain Caoin, Co. Bhaile Átha Cliath | 12,262 | 520 | 77 | 12,859 | 12,465 |
| 19. Coláiste Pobail Chionn tSáile, Co. Chorcaí | 9,908 | 1,203 | 150 | 11,261 | 11,602 |
| 20 Meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Thómais, Loch Garman | 9,493 | 3,792 | 815 | 14,100 | 11,931 |
| 21 Gairmscoil an Inbhir Mhóir, Cill Mhantáin | 12,173 | 96 | 180 | 12,449 | 12,460 |
| 22. Coláiste Sinsearach Dhún Laoghaire, Príomhshráid, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath | 10,474 | — | 664 | 11,138 | 11,138 |
| 23. Scoil Phobail, An Clochán, Co. na Gaillimhe | 9,566 | 561 | 166 | 10,293 | 9,857 |
| 24 Gairmscoil Naomh Colmán, Mainistir na Corann, Corcaigh | 8,166 | 189 | 1,975 | 10,330 | 9,990 |

.

| Fo-mhírcheann D.3 | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 25. Naomh Fintina, Maigh Dearmhaí, Co. na Mí | 10,294 | 51 | 182 | 10,527 | 10,689 |
| 26. Scoil Naofa Oilbheart Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath | 2,678 | 4,792 | 5,994 | 13,464 | 13,265 |
| 27. Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20 | 3,538 | 5,534 | 6,544 | 15,616 | 15,152 |
| 28. Coláiste Pobail Choill an Rí Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 2,816 | 9,394 | 6,488 | 18,698 | 18,504 |
| 29. Coláiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach | 2,214 | 8,486 | 5,120 | 15,820 | 15,550 |
| 30. Coláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 266 | 17,893 | 2,162 | 20,321 | 20,267 |
| 31. Pobalscoil Chú Chulainn, Dún Dealgan, Co. Lú | 8,652 | 7,562 | 1,145 | 17,359 | 17,174 |
| 32. Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara | 8,712 | 6,084 | 22,143 | 36,939 | 36,368 |
| 33. Gaelscoil Theach Giúise, Tamhlacht, BÁC 24 | 8,822 | 2,934 | 22 | 11,778 | 11,696 |
| 34. Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara | 2,949 | 2,263 | 5,164 | 10,376 | 10,352 |
| 35. Scoil Náisiúnta Naomh Mochta, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath | 3,720 | 5,784 | 2,452 | 11,956 | 11,626 |
| 36. Scoil Náisiúnta Foghlaim le chéile Stepaside, Co. Bhaile Átha Cliath | 8,543 | 1,507 | 292 | 10,342 | 9,494 |
| 37. Coláiste Thulach Mór, Tulach Mór, Co. Uíbh Fhailí | 9,855 | 1,423 | 193 | 11,471 | 10,231 |
| 38. Scoil Speisialta an Teaghlaigh Naofa, Muinchille, Co an Chabháin[a] | — | 1,142 | 12,362 | 13,504 | — |
| 39. Meánscoil na mBráithre Críostaí, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir[a] | — | 1,442 | 9,775 | 11,217 | — |
| 40 Scoil Náisiúnta Naomh Proinnsias Assisi, Belmayne, Baile Ghrifín, Baile Átha Cliath 13[a] | — | 9,058 | 2,816 | 11,874 | — |
| 41 Saplings An Muileann Cearr, Bóthar na Lainne, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí[a] | — | 266 | 11,571 | 11,837 | — |
| 42 Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile, Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24[a] | — | 433 | 13,167 | 13,600 | — |
| 43. Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile na Gaillimhe Thuaidh, Bóthar Thomáis Uí Eidhin, An Caisleán Nua, Co. na Gaillimhe[a] | — | 514 | 14,559 | 15,073 | — |
| 44 Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe[a] | | 460 | 21,237 | 21,697 | — |
| 45 Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath[a] | — | 5,435 | 8,863 | 14,298 | — |
| 46. Coláiste Dháibhís, Mala, Co. Chorcaí[a] | — | 1,971 | 8,034 | 10,005 | — |
| 47. Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh[a] | — | 1,129 | 16,821 | 17,950 | — |
| | **381,826** | **111,569** | **189,015** | **682,410** | **524,766** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann D.4** | | | | | |
| 1. Ollscoil Teicneolaíochta Ghráinseach Gormáin | 60,744 | 4,261 | 1,436 | 66,441 | 90,741 |
| 2. Uasghrádú HEAnet | 2,355 | 3,851 | 3,794 | 10,000 | 10,000 |
| 3. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath/Bloc F Naomh Pádraig | 3,155 | 3,000 | 8,845 | 15,000 | 15,000 |
| 4. Leabharlann Ollscoil Luimnigh | 10,000 | 4,600 | 1,700 | 16,300 | 10,000 |
| 5. Institiúid Teicneolaíochta – Luimnigh - Feistiú Champas Uí Chuanach | — | — | 11,575 | 11,575 | — |
| 6. Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan - Athchóiriú ar na Foirgnimh Thuaidh agus Theas | — | — | 18,469 | 18,469 | — |
| 7. Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Saoráidí Ardoideachais) | — | — | 17,000 | 17,000 | — |
| 8. Foirgneamh Teicneolaíochta Thodhchaí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | — | — | 24,000 | 24,000 | — |
| 9. Coláiste na Tríonóide BÁC E3 | — | — | 15,000 | 15,000 | — |
| | **76,254** | **15,712** | **101,819** | **193,785** | **125,741** |
| | | | | | |
| **Fo-iomlán D.3** | **381,826** | **111,569** | **189,015** | **682,410** | **524,766** |
| **Fo-iomlán D.4** | **76,254** | **15,712** | **101,819** | **193,785** | **125,741** |
| **Iomlán** | **458,080** | **127,281** | **290,834** | **876,195** | **650,507** |

Notes [a] Cuireadh tús le deich dtionscadal scoileanna úra i rith 2018.

[b] Le linn 2018, thug an Roinn gealltanas maidir le ceithre cinn de thionscadail nua tríú leibhéal.

**Difríochtaí suntasacha- Fo-mhírcheann D3**

Tugtar míniú thíos áit a bhfuil méadú/laghdú de níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta ó 2017 go 2018.

**6. Bunscoil Naomh Eoin, Rath Maoláin**

Bhain an méadú ar cheangaltais de €510,000 le horduithe athraithe maidir le hidirghabháil aispeiste.

**8. Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath**

Tháinig an €2.5 milliún de mhéadú ar ghealltanais chun cinn as €1.5 milliún de chostais bhreise maidir le hoibreacha talún gan choinne a aontaíodh mar chuid den phróiseas comhréitigh. Ina theannta sin, ceadaíodh orduithe um athrú maidir le líon suntasach míreanna ar luach íseal, ar bhain na cinn ba mhó díobh le briseadh carraigeacha, rampaí breise a sholáthar, cosaint bhreise ar dhóiteáin agus bailchríoch leasaithe ar urláir ar chostas €1 mhilliún.

**10. Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise**

Tháinig an €3.26 milliún de mhéadú ar ghealltanais chun cinn as orduithe um athrú maidir le hoibreacha talún, a aontaíodh mar chuid de phróiseas comhréitigh.

**16. Scoil Náisiúnta Michael Street, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman**

Bhain an méadú ar cheangaltais de €950,000 le costais bhreise a aontaíodh mar chuid de phróiseas comhréitigh.

**19. Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí**

Bhain an méadú ar cheangaltais de €660,000 le horduithe athraithe maidir leis an gcóras téimh, draenáil, oibreacha cruach agus mar sin de.

**20. Meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Thomáis, Loch Garman**

Tháinig an €2.2 milliún de mhéadú ar ghealltanais chun cinn as costais bhreise (€1.56 milliún) maidir le moill ar thionscadail a aontaíodh mar chuid de phróiseas comhréitigh agus orduithe um athrú (€640,000 gan CBL) maidir le hoibreacha bunsraithe, díonta agus cóiríocht shealadach ar cíos a sholáthar.

**32. Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara**

Bhain an méadú ar cheangaltais de €570,000 le horduithe athraithe maidir le costais foirgníochta.

**36. Scoil Náisiúnta Foghlaim le chéile Stepaside, Co. Bhaile Átha Cliath**

Bhain an méadú ar cheangaltais de €850,000 le horduithe athraithe maidir le cóiríocht shealadach a chuar ar fáil le linn an tionscadail.

**37. Choláiste Thulach Mór, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí**

Bhain an méadú de €1.24 milliún ar ghealltanais le costais bhreise maidir le dearadh agus tógáil a aontaíodh mar chuid de phróiseas comhréitigh.

**Éagsúlachtaí suntasacha – Fo-mhírcheann D4**

**1. Ollscoil Teicneolaíochta Ghráinseach Ghormáin**

Tháinig an laghdú de €24.3 milliún ar ghealltanais chun cinn as an meastachán reatha ar CBL (€24.3 milliún) a bhí dlite ar thionscadal CPP Chearnóga Ghráinseach Ghormáin a chur san áireamh san fhigiúr foriomlán gealltanais a léirítear anois mar chuid den fhigiúr foriomlán gealltanais maidir leis an tionscadal sin (féach Nóta 2.8 ). Corpraithe san iomlán atá fágtha tá costais a bhaineann go príomha le Clár 1 den fhorbairt (oibreacha cumasúcháin ar fud an tsuímh agus an réimse poiblí).

**4.Leabharlann Ollscoil Luimnigh**

Tháinig an méadú de €6.3 milliún ar ghealltanais chun cinn as toiliú na Roinne le linn 2018 chun céatadán níos airde de chostas foriomlán na leabharlainne a íoc ná mar a bhí ceadaithe roimhe. Tá an tionscadal leabharlainne á pháirt-mhaoiniú ag Ollscoil Luimnigh as a hacmhainní féin.

## Aguisín C Nóta Eolais ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPPanna)

**An Coláiste Náisiúnta Mara**

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibre in Éirinn Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

**CPP Cúig Threoirscoil**

Tá na cúig iar-bhunscoil sa bheartán Treoirscoileanna CPP lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Jarvis Projects Ltd i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

**Scoil Cheoil Chorcaí**

Is i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007.

**An Chéad Bheartán Scoileanna CPP**

Is i Márta 2009 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Co. Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

**An Dara Beartán Scoileanna CPP**

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i gCill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i gCill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil) Thosaigh gach ceann de na sé scoil seo ag feidhmiú i dtreo dheireadh 2011.

**An Tríú Beartán Scoileanna CPP**

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP Tá siad suite i mBéal an Átha Mhóir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le CPP BAM chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil seo ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP**

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i dTulla, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co.Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna seo ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre hiar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin san áireamh sa Chúigiú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (scoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin); i gCeanannas Mór, Co. na Mí; i mBré, Co. Chill Mhantáin (2 scoil) agus i Loch Garman.

In Iúil 2016, síníodh conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. D’éirigh leis an dá scoil i mBré agus an scoil i Loch Garman tús féidhme seirbhíse a bhaint amach i 2018. Meastar go mbainfidh an scoil i gCeanannas tús feidhme

seirbhíse amach i Meitheamh 2019, tá an dá scoil eile i gCeatharlach ag dul ar aghaidh go maith agus meastar go rachfar i mbun oibre iontu i Meán Fómhair 2019.

**Tionscadal CPP Chearnóga Ghráinseach Ghormáin**

Cuirfidh Tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin, atá comhdhéanta de na Cearnóga Láir agus Thoir, bonneagar suntasach acadúil ar fáil d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Gormáin. I Márta 2018 a síníodh an conradh chun na foirgnimh a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Tá an tógáil sceidealta le bheith críochnaithe in 2020.

## Aguisín D Cistiú díreach ó Vóta 26 chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (de réir fó-mhírchinn)

Liostaítear sa tábla seo a leanas an cistiú a tugadh go díreach do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) le linn 2018 de réir fo-mhírchinn le figiúirí comparáideacha maidir le 2017.

| **Cistiú díreach ó Vóta 26 chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (de réir fo-mhírchinn)** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **Méid an chistithe do BOO** | **Méid an chistithe do BOO** |
| | **€000** | **€000** |
| **Clár A - Oideachas Chéad leibhéil, dara leibhéal agus Oideachas Luathbhlianta** | | |
| A.3 Tuarastail, pánna agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) chuig múinteoirí bunscoile | 27 | 44 |
| A.5 Deontais chuig Boird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail mhúinteoirí BOO | 692,008 | 640,978 |
| A.6 Tuarastail, pánna agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) chuig cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna | 36,691 | 32,703 |
| A.7 Tuarastail, pánna agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) chuig baill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan riachtanais speisialta a áireamh) | 75,514 | 72,024 |
| A.9 Seirbhísí iompair scoile | 632 | 570 |
| A.10 Deontais (caipitíocht san áireamh) iníoctha le Bunscoileanna agus le hIar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile | 76,039 | 71,983 |
| A.11 Deontais chuig forais oideachais a bhíonn ag obair sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile | 95 | 10 |
| A.12 Oideachas múinteoirí | 1,944 | 1,849 |
| A.14 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 6,194 | 5,506 |
| **Clár A Suim iomlán íoctha le Boird Oideachais agus Oiliúna** | **889,144** | **825,667** |
| **Clár B – Forbairt Scileanna** | | |
| B.9 Fóraim Réigiúnacha Scile | — | 105 |
| | — | **105** |
| **Clár C - Ardoideachas** | | |
| C.11 Tacaíocht mic léinn agus costais bhainteacha | 371,588 | 380,119 |
| **Clár C Méid iomlán íoctha le Boird Oideachais agus Oiliúna** | 371,588 | **380,119** |
| **Clár D - Seirbhísí Caipitil** | | |
| D.3 Tógáil, trealamh agus fearas bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna | 84,328 | 98,631 |
| D.5 Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP) | 136 | 130 |
| **Clár D Méid iomlán íoctha le Boird Oideachais agus Oiliúna** | **84,464** | **98,761** |
| **Móriomlán íoctha le Boird Oideachais agus Oiliúna** | **1,345,196** | **1,304,652** |

Nóta: Cuimsíonn an tábla seo cistiú a tugadh go díreach do Bhoird Oideachais agus Oiliúna ó fho-mhírchinn Vóta. Ní chuimsíonn sé cistiú a tugadh trí SOLAS ó acmhainní an Státchiste ná ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.